Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte







# Tuarascáil Bhliantúil 2011

Arna chur faoi bhráid an Aire Sláinte de réir Alt 37 den Acht Sláinte, 2007.
Arna fhoilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte © 2012.

# Brollach ón gCathaoirleach

Lean an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte in 2011 de bheith ag díriú ar ár misean cúram sábháilte ar ardcháilíocht a chur chun cinn do dhaoine a bhaineann leas as ár gcuid seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta. Ós muid an rialtóir neamhspleách cúram sláinte agus sóisialta, táimid níos feasaí ná riamh go bhfuil folláine na ndaoine is leochailí sa phobal ag brath ar ár gcumas ardchaighdeáin chuí a shocrú agus soláthar na gcaighdeán sin a chur i gcrích.

Leanamar ar aghaidh lenár gcuid oibre chun daoine aosta a chosaint. Faoi dheireadh na bliana 2011, d'eisigh an tÚdarás teastas clárúcháin do 317 ionad saincheaptha le haghaidh daoine scothaosta. Tá an tÚdarás ag obair i dtreo agus go mbeidh gach ionad saincheaptha, a bhí ag feidhmiú faoin 30 Meitheamh 2009 nó roimhe sin, cláraithe nó cinneadh déanta ina leith an chlárúcháin reatha lena mbaineann a dhiúltú agus a chur ar ceal, faoin 30 Meitheamh 2012. Riachtanas is ea é sin.

I rith 2011, rinne na hiniúchóirí 769 cuairt iniúchta ar ionaid shaincheaptha le haghaidh daoine scothaosta chun measúnú a dhéanamh cé acu an dtagann an leibhéal seirbhíse le riachtanais na gcónaitheoirí nó nach dtagann. Dúnadh sé ionad mar gheall ar ghníomh forfheidhmiúcháin a rinne an tÚdarás. Dúnadh iad toisc go raibh cúiseanna réasúnta ag na hiniúchóirí a chreidiúint go raibh rioscaí tromchúiseacha ann do shláinte agus do leas na gcónaitheoirí, nó go raibh sárú substaintiúil agus suntasach á dhéanamh ar na Rialacháin toisc gur theip ar an soláthraí a dhualgas a chomhlíonadh na cónaitheoirí a chosaint.

Rinneamar ár gcuid oibre chun chun leanaí leochaileacha a chumhdach agus a chosaint a chur chun cinn trí ullmhú dár ról rialála maidir le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí. Chuireamar tús le dréachtú na gCaighdeán Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí. Tosaíocht de chuid an Údaráis is ea saol leanaí i seirbhísí altramaithe a fheabhsú. Thugamar faoi thuarascáil in 2011 ina ndearnadh measúnú ar fheidhmíocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le moltaí an Údaráis i leith na seirbhíse cúram altramaithe ar fud na tíre a chur chun feidhme. Tosaíocht eile de chuid an Údaráis is ea feabhas a chur ar shaol na leanaí is leochailí sa tír. D'fhoilsíomar *An Tuarascáil Iniúchta Náisiúnta Forbhreathnaithe Athleanúna ar na Seirbhísí Cúram Speisialta arna gcur ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte* i rith na bliana, ina tuairiscíodh ar iniúchtaí leantacha ar aonaid cúram speisialta le haghaidh leanaí leochaileacha.

Forbairt shuntasach i rith na bliana ab ea an bhailchríoch a cuireadh ar na *Caighdeáin Náisiúnta maidir le Cúram Sláinte Níos Fearr agus Níos Sábháilte,* i ndiaidh comhairliúchán poiblí agus athbhreithniú ina dhiaidh sin ar bhreis agus 200 aighneacht ar tugadh san áireamh iad sna caighdeáin. Chomh luath agus a gheofar sainordú ón Aire Sláinte in 2012, soláthrófar slí sna caighdeáin chun cáilíocht, sábháilteacht agus iontaofacht an chúraim sláinte a fheabhsú. Beidh na Caighdeáin sin mar bhunús de chóras monatóireachta agus ceadúnaithe nua don chúram sláinte agus cuirfear i bhfeidhm iad mar riachtanais infhorghníomhaithe i leith raon níos leithne soláthraithe cúram sláinte, lena n-áirítear soláthraithe cúram sláinte príobháideacha agus neamhspleácha sa todhchaí.

De réir ár sainchúraim maidir le torthaí sábháilte ar ardchaighdeán le haghaidh othar a spreagadh, chuamar i ngleic leis an mbearna maidir leis an bhfaisnéis mhonatóireachta a bhíonn ar fáil do chúram éigeandála réamhospidéil trí mholadh a dhéanamh go dtabharfaí isteach Príomhtháscairí Feidhmíochta le haghaidh amanna freagartha éigeandála maidir le cúram éigeandála réamhospidéil.

De bhun fhiosrúchán an Údaráis ar imeachtaí maidir leis an teip ar chúrsaí iompair le haghaidh mháinliacht trasphlandaithe Meadhbh McGivern, mhol an tÚdarás go ndéanfaí córas nua a bhunú chun othair a aistriú thar lear le haghaidh gnáthaimh mhíochaine éigeandála a chomhordú d'fhonn toradh níos sábháilte a áirithiú.


Mar chuid dár n-obair leanúnach chun feabhsuithe i seirbhísí cúram sláinte a spreagadh, chuireamar i gcrích ár n-imscrúdú ar cháilíocht agus ar shábháilteacht seirbhísí agus socruithe tacaíochta ag Ospidéal Ginearálta Mhala. Cuireadh béim i moltaí an Údaráis ar a thábhachtaí atá sé foghlaim a fhaightear de dhroim cinntí neamhfhabhracha maidir le cuid áirithe den tseirbhís a fheidhmiú ar fud na seirbhíse iomláine chun leas úsáideoirí na seirbhíse. Ina theannta sin, rinneamar imscrúdú a thionscnamh maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na roinne éigeandála in Ospidéal Thamhlachta.

Creideann an tÚdarás go bhfuil an fhaisnéis maidir le hinfhaighteacht, inrochtaineacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht ár seirbhísí sláinte ríthábhachtach le haghaidh córas cúram sláinte iontaofa agus sábháilte. In 2011, rannchuidíomar go gníomhach le ceapadh an Bhille um Fhaisnéis Sláinte, atá á fhorbairt faoi láthair ag an Roinn Sláinte. Chomh luath agus a bheidh an Bille um Fhaisnéis Sláinte achtaithe, bunófar an creat reachtaíochta leis chun an tÚdarás a chumasú a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh maidir le faisnéis sláinte agus comhtháthú níos fearr ar fhaisnéis sláinte agus ar chórais sláinte a éascú. Mar aitheantas ar chastacht na saincheisteanna maidir le rialachas faisnéise, d'fhoilsigh an tÚdarás leabhrán furasta le húsáid *What you should know about Information Governance: a Guide for health and social care staff*. Dáileadh an leabhrán seo go forleathan ar fud an chórais cúram sláinte agus sóisialta. Ina theannta sin, thosaíomar ag ullmhú le haghaidh ról chomhlacht faireacháin na gCoistí Eitice Taighde (RECanna) a n-aistreofar é, de réir Threoir an AE maidir le Triail Chliniciúil, ón Aire Sláinte chuig an Údarás.

Rud lárnach do ról an Údaráis is ea a áirithiú go mbaintear úsáid as ár seirbhísí sláinte ar dhóigh a gcinntíonn an toradh is fearr don othar nó don úsáideoir seirbhíse, go sonrach trí mheasúnú (agus trí thacú le measúnú) a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus chostais na dteicneolaíochtaí sláinte.  Trí Mheasúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte (HTA), leanadh le forbairt ar chumas HTA agus ar acmhainneacht HTA a úsáid chun leas na n-othar agus chun leas córas cúram sláinte éifeachtach. I rith na bliana, chuir an tÚdarás tús le dhá Mheasúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte. Bhain ceann amháin le máinliacht faoi chúnamh róbait agus bhain an ceann eile le clár faireachais do mhná faoi bhun 50 bliain d'aois lena mbaineann riosca ardaithe d'ailse chíche. Ina theannta sin, cuireadh tús le mionmheasúnacht amháin ar Theicneolaíocht Sláinte a bhain le scagthástáil réamhbhreithe VEID in athuair, agus thugamar measúnacht ar theicneolaíocht sláinte chun críche a bhain le scagachán prión.

Ba mhaith liom ómós a thabhairt i gcuimhne Richard Hannaford, comhalta d'ár mbord, a fuair bás i mí Dheireadh Fómhair 2011. Léirigh sé fiuchadh foinn agus tiomantas i leith obair agus fhís an Údaráis, agus airíonn comhaltaí an Bhoird agus gach duine a d'oibrigh leis uathu é go mór.

Faoi dheoidh, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann uile an Údaráis as a tiomantas agus a fiuchadh foinn agus le mo chomhghleacaithe ar an mBord as ucht a gcúnaimh dhúshlánaigh agus chuidithigh ar feadh na bliana.



**Pat McGrath**
Cathaoirleach

# Clár Ábhair


1 Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

1.1 Réamhrá 6
1.2 Ár Sainordú agus ár bhFeidhmeanna 7
1.3 Ráiteas Misin agus Bunluachanna 8

2 Rialachas agus Bainistíocht

2.1 Bord an Údaráis 12
2.2 Cruinnithe an Bhoird 14
2.3 Fochoistí an Bhoird 14
2.4 Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann Feidhmiúcháin Bainistíochta 15

3 Cuspóirí Straitéiseacha agus Mórghníomhartha

3.1 Cuspóirí Straitéiseacha 20
3.2 Achoimre ar Mhórghníomhartha ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2011 21

4 Gníomhaíochtaí de réir Stiúrthóireachta

4.1 Cáilíocht agus Sábháilteacht sa Chúram Sláinte 24
4.2 Tuarascáil ó Oifig an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialacha / ón gCigireacht Seirbhísí Sóisialacha 33
4.3 Faisnéis Sláinte 44
4.4 Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte 50
4.5 Seirbhísí Corparáideacha 56
4.6 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara 61
4.7 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh 67

5 Faisnéis Airgeadais

5.1 Ráitis Airgeadais 72

6 Aguisíní

Aguisín 1: Gníomhaíocht an Bhoird agus Freastal 76
Aguisín 2: An Struchtúr Eagraíochtúil 78
Aguisín 3: An Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas agus um Chomhlíonadh don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 79

# 1. Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte



1

# 1.1 Réamhrá

Is é seo an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Ón uair a bunaíodh an tÚdarás, tá líon suntasach imscrúduithe, fiosrúchán, iniúchtaí agus measúnuithe déanta againn, rud a chiallaíonn gur chothaíomar agus gur chomhdhlúthaíomar méid fairsing de léann tábhachtach ar féidir í a chur i bhfeidhm ar fud an chórais cúram sláinte agus sóisialta. Leanamar ar aghaidh in 2011 ag baint leasa as an léann sin chun ár gcumas a fhorbairt agus ár n-acmhainneacht a neartú laistigh den chóras cúram sláinte agus sóisialta. Ina theannta sin, chuireamar cúnamh agus tacaíocht bhreise ar fáil chun cur ar chumas soláthraithe cúram sláinte sábháilteacht a seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a fheabhsú agus a bhuanú.

I rith 2011, leanamar le baint amach ár gcuspóirí straitéiseacha ónár bPlean Corparáideach ina gclúdaítear an tréimhse idir 2010 agus 2012. Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil conas mar a rinne an tÚdarás na cuspóirí a bhaint amach i rith 2011, mar aon le príomhfhorbairtí eile san eagraíocht.

Is cuspóir straitéiseach é don Údarás a léiriú go bhfeidhmíonn an tÚdarás mar chomhlacht éifeachtach, éifeachtúil agus dea-rialaithe a mbíonn tionchar dearfach aige ar sheirbhísí cúram sláinte agus sóisialta. Is é sin an chúis gur leanamar ar aghaidh le hathbhreithniú ar ár gcórais dearaidh agus faisnéise san eagraíocht ionas go mbeidh an tÚdarás oiriúnach don fheidhm maidir leis an tslí a dhéanaimid ár ngnó i láthair agus amach anseo de réir mar a thugaimid faoi fheidhmeanna nua de thairbhe ár gcumais rialála fhorleathnaithe.

Ós rud é gur rialtóir lárnach é an tÚdarás, tá sé tábhachtach freisin go gcuirimid na hionchais chéanna i bhfeidhm inár leith féin chun a bheith inár n-eagraíocht stóinsithe agus dea-rialaithe faoi mar a bhíonn á n-éileamh againn ar eagraíochtaí eile. In 2011, bhaineamar an leas ab fhearr as na hacmhainní a bhí ar fáil dúinn agus léiríomar gur féidir linn luach ar airgead a chur ar fáil. Thosaíomar le cur chun feidhme na bpróiseas coitianta ar fud an Údaráis, arna mbuntacú leis na córais faisnéise chearta, atá fós ina gcúnamh don Údarás cúram sláinte agus sóisialta níos sábháilte agus níos fearr a spreagadh agus an leas is fearr a bhaint as buanna ar fud na heagraíochta.



# 1.2 Ár Sainordú agus ár bhFeidhmeanna

Is é an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte an tÚdarás neamhspleách a bunaíodh chun dul chun cinn leanúnach a stiúradh i leith seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn.

Cuimsíonn sainordú an Údaráis cáilíocht agus sábháilteacht na n-earnálacha poiblí, príobháideacha (laistigh dá bhfeidhm cúram sóisialta) agus deonacha. Tuairiscíonn an tÚdarás go díreach don Aire Sláinte, agus tá dualgas reachtúil aige as na nithe seo a leanas:

- Caighdeáin a shocrú le haghaidh Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta — Caighdeáin dírithe ar dhaoine a fhorbairt, de réir fianaise agus an chleachtais is fearr go hidirnáisiúnta, le haghaidh seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn (seachas seirbhísí sláinte meabhrach)

- An Chigireacht Seirbhísí Sóisialacha — Clárú agus iniúchadh ar ionaid chónaithe do leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumais. Iniúchadh a dhéanamh ar scoileanna coinneála leanaí agus ar sheirbhísí cúram altrama

- Monatóireacht ar Cháilíocht Cúram Sláinte — Monatóireacht ar chaighdeáin cáilíochta agus sábháilteachta inár seirbhísí sláinte agus imscrúdú a dhéanamh de réir mar a thagann cúiseanna tromchúiseacha imní chun cinn maidir le sláinte agus leas úsáideoirí seirbhíse

- Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte — An toradh is fearr a áirithiú don úsáideoir seirbhíse trí mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus eacnamaíoch drugaí, trealaimh, teicnící diagnóiseacha agus gníomhaíochtaí cur chun cinn sláinte

- Faisnéis Sláinte — Comhairle a chur ar fáil maidir le bailiú agus roinnt faisnéise ar fud na seirbhísí, faisnéis a mheasúnú agus faisnéis a fhoilsiú maidir le soláthar agus feidhmíocht seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta na hÉireann.

Agus ár bhfeidhmeanna á ndéanamh againn, tá an tÚdarás tiomanta d’obair go dlúth le grúpa éagsúil daoine lena n-áirítear iadsan a úsáideann seirbhísí sláinte agus sóisialta, a gcúramóirí, gairmithe cúram sláinte agus sóisialta, soláthraithe poiblí, príobháideacha agus deonacha, an Roinn Sláinte, agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar aon le príomhpháirtithe leasmhara eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Lean an tÚdarás leis an dul chun cinn a bhí déanta aige agus a phríomhfheidhmeanna á ndéanamh i rith 2011. Thosaíomar ag obair ar ár gcaighdeáin cosanta leanaí agus, mar gheall ar thábhacht na rannpháirtíochta cuimsithí i dtaobh an ábhair sin, tá clár comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíochta á bheartú againn a gcuirfear tús leis go luath an bhliain seo chugainn.

## Ár Sainordú Dlíthiúil

Díorthaíonn an tÚdarás a shainordú ón Acht Sláinte, 2007 agus ó reachtaíocht ábhartha eile (an tAcht um Chúram Leanaí, 1991 arna leasú, an tAcht Leanaí, 2001 arna leasú, an tAcht Oideachais do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 agus an tAcht um Míchumas 2005), agus tugann sé faoina fheidhmeanna dá mbun siúd.

Cuirtear an Tuarascáil Bhliantúil, ina leagtar amach obair an Údaráis ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2011, i láthair de réir riachtanais reachtúla an Achta Sláinte, 2007, agus áirítear léi socruithe an Údaráis chun an Cód Rialachais do chomhlachtaí poiblí a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis. Áirítear léi freisin Tuarascáil Bhliantúil an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialacha mar aon leis an Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas agus um Chomhlíonadh de réir mar atá riachtanach faoi Acht Sláinte 2007.

# 1.3 Ráiteas Misin agus Bunluachanna

Is féidir cur síos a dhéanamh ar fhís, ar mhisean agus ar luachanna an Údaráis mar chreideamh na heagraíochta a mbíonn tionchar acu ar roghnú gníomhaíochtaí agus ar an gcur chuige a ghlactar chun iad a chur chun feidhme. Go bunúsach, is féidir “pearsantacht” na heagraíochta a thabhairt orthu.

## Ár bhfís

Is é ár bhfís cúram sláinte agus sóisialta níos fearr do chách, arna bhuntacú ag caighdeáin agus ag cinntí lena bhfeabhsaítear sábháilteacht agus cáilíocht seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.

## Ár misean

Tá misean an Údaráis díorthaithe ó fheidhmeanna reachtúla a bhfuil cur síos orthu san Acht Sláinte, 2007 agus is éard atá i gceist:

*“Cúram sábháilte ar ardcháilíocht a spreagadh do dhaoine a bhaineann leas as ár gcuid seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.”*



## Ár luachanna

Tá bunluachanna an Údaráis sonraithe thíos agus léirithe i bhFigiúr 1.

Figiúr 1: Bunluachanna an Údaráis




Tús áite a thabhairt do dhaoine – socróimid riachtanais agus guth úsáideoirí seirbhíse, agus iadsan a chuireann na seirbhísí ar fáil, i gcroílár ár gcuid oibre ar fad.

Cothrom agus oibiachtúil – beimid cothrom agus oibiachtúil inár gcuid beartaíochta le daoine agus le heagraíochtaí, agus déanfaimid ár gcuid oibre gan eagla gan fabhar.

Oscailte agus freagrach – roinnfimid faisnéis faoin gcineál oibre a dhéanaimid agus faoi na torthaí lena mbaineann, agus glacfaimid freagracht iomlán as ár ngníomhartha.

Sármhaitheas agus nuálaíocht – déanfaimid iarracht sármhaitheas a bhaint amach inár gcuid oibre, agus lorgóimid feabhas leanúnach trí fhéinmheasúnú agus trí nuálaíocht.

Obair as Lámha a Chéile – pléifimid le daoine a úsáideann na seirbhísí agus a chuireann na seirbhísí ar fáil agus gach gné dár n-obair á forbairt.

# 2 Rialachas agus Bainistíocht



2

# 2.1 Bord an Údaráis

Bunaíodh Bord an Údaráis an 15 Bealtaine 2007. Tá Cathaoirleach agus 11 Stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha ar an mBord. Cuimsíonn na Stiúrthóirí réimse leathan d'eispéireas lena n-áirítear ionadaíocht ó ghairmithe cúram sláinte agus sóisialta, agus ó chomhaltaí neamhoilte agus ó earnáil na tionsclaíochta. Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird:




**Pat McGrath**
(Cathaoirleach)
Leas-Chathaoirleach, Forbairt Idirnáisiúnta, PM Group



**Dolores Quinn**
(Leas-Chathaoirleach)
Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide le haghaidh na Rannóige Diagnóisice in Abbot Laboratories



**Bryan Barry**
Ard-Rúnaí Cúnta, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann Rúnaí na Cuideachta, Farmer Business Developments plc



**Sheila O'Connor**
Comhordaitheoir, Patient Focus



**Angela Kerins**
POF, Rehab Group; Cathaoirleach, An tÚdarás Comhionannais




**Gráinne Tuke**
Aturnae, BSL (Bord Soláthair an Leictreachais)



**An tOllamh Geraldine McCarthy**
An tOllamh le Altranas agus le Cnáimhseachas, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh



**Philip Caffrey**
Iar-Stiúrthóir, United Drug PLC agus iar-Stiúrthóir le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann



**An tOllamh Damien McLoughlin**
An tOllamh le Margaíocht, Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD



**An tOllamh J. Samuel McConkey**
Ceann na Roinne Sláinte Idirnáisiúnta agus Leighis Thrópaicigh ag Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, agus tá sé i gceannas ar an tseirbhís chliniciúil um Ghalair Thógálacha agus Leigheas Trópaiceach in Ospidéal Beaumont



**An tOllamh Cillian Twomey**
Cathaoirleach Fhoras Ospíse na hÉireann, Geiriatraí ar Scor



**Richard Hannaford***
Scríbhneoir agus craoltóir

* *Fuair Richard Hannaford bás i nDeireadh Fómhair 2011*

Is comhlacht rialála an Údaráis é an Bord agus dá réir sin tá sé freagrach as rialachas cuí an Údaráis agus as a áirithiú go bhfuil córais éifeachtúla ann maidir le rialú inmheánach, comhlíonadh reachtúil agus oibriúcháin agus bainistíocht riosca.

Tá sé mar aidhm ag an Údarás a bheith ina eagraíocht sholúbtha agus éifeachtach lena mbaineann na caighdeáin is airde de rialachas agus de chomhlíonadh corparáideach. Rinneamar dul chun cinn ar roinnt tionscnamh i rith na bliana chun ár dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), ár gcórais bainistíochta acmhainní daonna agus airgeadais, ár gcórais maidir le rialachas corparáideach agus na córais bainistíochta riosca laistigh den Údarás a fheabhsú agus a neartú a thuilleadh.

Déantar tuairisc fúthu sin go mion i dtuarascáil Oifig an  Phríomhfheidhmeannaigh ar leathanach 67, i dtuarascáil Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha ar leathanach 56 agus sa Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas agus um Chomhlíonadh ar leathanach 79.

## 2.2 Cruinnithe an Bhoird

Reáchtáil an Bord 10 gcruinniú i rith 2011.

## 2.3 Coistí an Bhoird

Tá ceithre fhochoiste den Bhord ann. Is mar seo a leanas iad:

- Coiste Rialachais Cúram Sláinte agus Sóisialta trína ndéantar maoirseoireacht ar éifeachtacht, ar rialachas agus ar rialuithe maidir le cur i gcrích fheidhmeanna cúram sláinte agus sóisialta an Údaráis. Tháinig an coiste seo le chéile cúig huaire le linn 2011

- Déanann an Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh monatóireacht ar an Údarás maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla agus éifeachtúlacht an rialachais chorparáidigh, na bainistíochta airgeadais, an tsoláthair, na bainistíochta riosca agus na socruithe iniúchta inmheánaigh. Tháinig an coiste seo le chéile ceithre huaire le linn 2011

- Tugann an Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta comhairle don Bhord maidir le príomhghnéithe na bhfeidhmeanna teicneolaíochta faisnéise agus sláinte agus maidir leis na socruithe rialachais i dtaobh na dtionscadal taighde lena mbaineann. Tháinig an coiste seo le chéile trí huaire le linn 2011

- Déanann An Coiste um Lucht Saothair agus Ainmniúchán monatóireacht ar riachtanais eagraíochtúla agus forbairt bhainistiúil an Údaráis. Tháinig an coiste seo le chéile dhá uair sa bhliain 2011.

# 2.4 Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann Feidhmiúcháin Bainistíochta

Tá an tÚdarás eagraithe chun a phríomhfheidhmeanna a léiriú. Dá bhrí sin, tá sé cinn de Stiúrthóireachtaí móide Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, agus déanann Foireann Feidhmiúcháin Bainistíochta ceannasaíocht agus bainistiú orthu.
Féadtar an struchtúr eagraíochtúil a fheiceáil in Aguisín 2.

Is iad seo a leanas baill na Foirne Feidhmiúcháin Bainistíochta:



**An Dr Tracy Cooper**
Príomhfheidhmeannach agus Príomh-Chigire Gníomhach Seirbhísí Sóisialta



**An tOllamh Jane Grimson**
Stiúrthóir Faisnéis Sláinte agus Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin



**An Dr Máirín Ryan**
Stiúrthóir an Mheasúnaithe ar Theicneolaíocht Sláinte




**Jon Billings**
**Stiúrthóir um Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúram Sláinte



**Richard O'Sullivan**
Comhairleoir Dlí



**Sean Angland**
Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha



**Marty Whelan**
Ceannasaí Cumarsáide agus Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara



**Kathleen Lombard**
Rúnaí an Bhoird agus an Príomh-Oifigeach Riosca

* *Ghlac an Dr Tracey Cooper an ról mar Phríomh-Chigire Gníomhach Seirbhísí Sóisialta le linn 2011.*

** *D'fhág Jon Billings an tÚdarás chun dul i mbun post nua le linn 2011*

Tá feidhmeanna na Stiúrthóireachtaí léirithe i dTábla 1 thíos.

Tábla 1: Forbhreathnú Achomair ar Fheidhmeanna na Stiúrthóireachtaí

| Stiúrthóireacht | Forbhreathnú ar Fheidhmeanna |
|---|---|
| Cáilíocht agus Sábháilteacht sa Chúram Sláinte | Caighdeáin bhunaithe ar dhaoine le haghaidh cúram sláinte agus sóisialta. Clár monatóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun feabhsuithe i gcáilíocht agus i gcaighdeáin sábháilteachta i gcúrsaí sláinte a chur chun cinn. De réir mar a mheastar é a bheith riachtanach, tabharfar faoi imscrúduithe nuair a bhíonn cúiseanna réasúnta ann go gcreidtear go bhfuil riosca tromchúiseach ann do shláinte nó leas an duine atá ag fáil seirbhísí. |
| An Chigireacht Seirbhísí Sóisialacha | Iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí cúram sóisialta agus iad a chlárú, lena n-áirítear seirbhísí cónaithe le haghaidh daoine scothaosta, seirbhísí cónaithe le haghaidh leanaí agus seirbhísí cónaithe le haghaidh daoine faoi mhíchumas. De réir mar a mheastar é a bheith riachtanach, tabharfar faoi imscrúduithe nuair a bhíonn cúiseanna réasúnta ann go gcreidtear go bhfuil riosca tromchúiseach ann do shláinte nó leas an duine atá ag fáil seirbhísí. |
| Faisnéis Sláinte | Easnaimh i bhfaisnéis sláinte a aithint agus comhairle a chur ar fáil fúthu; creatlach rialachais faisnéise a bhunú agus caighdeáin a leagan síos maidir le faisnéis sláinte agus córais faisnéise sláinte; measúnú a dhéanamh agus faisnéis a chur ar fáil faoi sholáthar seirbhísí sláinte agus sóisialta. |

| | |
|---|---|
| Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte (HTA) | Áirithiú go mbaintear úsáid as ár seirbhísí sláinte ar dhóigh a gcinntíonn an toradh is fearr don othar nó don úsáideoir seirbhíse, go sonrach trí mheasúnú (agus trí thacú le measúnú) a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus chostais na dteicneolaíochtaí sláinte. |
| Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara | Gach comhfhreagras de chuid an Údaráis a bhainistiú, le pobal meáin inmheánach agus seachtrach araon, agus caidrimh chomhoibritheacha a fhorbairt sna córais chúram sláinte agus sóisialta. |
| Seirbhísí Corparáideacha | Áirithiú go bhfuil an tÚdarás oiriúnach don fheidhm, trí leas éifeachtach foirne, trí fheidhmíocht, bhainistíocht agus earcaíocht, áitribh, trí córais bainistíochta faisnéise agus príomhsheirbhísí tacaíochta eile. |
| Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh | Forbhreathnú, treo agus tacaíocht a sholáthar ionas gur féidir leis an Údarás a chuspóirí a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil agus ar dhóigh dhea-rialaithe. |

# 3 Cuspóirí Straitéiseacha agus Mórghníomhartha



3

# 3.1 Cuspóirí Straitéiseacha

I rith 2011, leanaimid dár spriocanna a sheachadadh de réir mar atá leagtha amach i *bPlean Corparáideach trí bliana an Údaráis 2010 – 2012*, de réir riachtanais an Achta Sláinte, 2007. Tá príomhchuspóirí straitéiseacha an Údaráis thar an tréimhse seo ama le fáil sa Phlean Corparáideach agus léirítear ann an dóigh a bhfuil sé ar intinn ag an Údarás na hacmhainní atá ar fáil dó a úsáid chun cuspóirí an phlean a sheachadadh.

Forbraíodh Plean Gnó le haghaidh 2011, glacadh leis agus cuireadh i bhfeidhm é i rith na bliana. Léiríodh ann na gníomhaíochtaí a dtabharfadh an tÚdarás fúthu sa bhliain 2011 chun a sprioc-chuspóirí a bhaint amach sa *Phlean Corparáideach 2010-2012*.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, tugtar tuairisc ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí ar fad ar tugadh fúthu sa bhliain 2011 chun tacú leis na cuspóirí atá léirithe sa Phlean Corparáideach. Tá na cuspóirí straitéiseacha le haghaidh na tréimhse seo léirithe i dTábla 2 thíos.

### Tábla 2: Cuspóirí Straitéiseacha 2010 go 2012

1. Córais éifeachtacha rialaithe a fhorbairt le haghaidh cháilíocht agus shábháilteacht an chúraim sláinte agus shóisialta lena n-áirítear caighdeáin náisiúnta maidir le cáilíocht agus sábháilteacht, nósanna imeachta measúnachta agus monatóireachta, beartais agus táscairí.

2. Clár rialaithe ag a bhfuil tionchar mór a chur chun feidhme lena n-áirítear seirbhísí a chlárú mar a bheith iomchuí, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trí iniúchadh a dhéanamh de réir caighdeáin náisiúnta, iniúchadh a dhéanamh ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte agus do leas úsáideoirí seirbhíse agus tuairisciú go poiblí ar ár dtorthaí.

3. Caighdeáin a leagan síos chun úsáid éifeachtach agus éifeachtúil na faisnéise sláinte agus na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a stiúradh, agus cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú.

4. Faisnéis a chur ar fáil le haghaidh cinntí infheistíochta, nó dí-infheistithe, atá sábháilte agus éifeachtach, sláinte agus folláine an phobail a chothabháil a mhéid is féidir, agus luach maith ar airgead a bhaint amach.

5. Sármhaitheas i seirbhísí sláinte agus sóisialta a chur chun cinn trí chlár struchtúrtha a sheachadadh atá dírithe ar dhea-chleachtas a aithint agus a roinnt, inniúlacht agus cumais a neartú trí úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní agus trí ghníomhaíocht dhírithe a éascú in idirghabhálacha cruthaithe sábháilteachta.

6. A léiriú, faoi 2012, go bhfuil an tÚdarás ag feidhmiú mar eagraíocht éifeachtach, éifeachtúil agus dea-rialaithe a mbíonn tionchar dearfach aige ar sheirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.

# 3.2 Achoimre ar Mhórghníomhartha ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2011

I measc mhórghníomhartha na bliana, áirítear:

- *Príomhtháscairí Feidhmíochta Cúraim Éigeandála Réamhospidéil le haghaidh Agaí Práinnfhreagartha*
- iniúchadh a dhéanamh ar 513 ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta agus tabhairt faoi 769 cuairt iniúchta san iomlán, ar iniúchtaí athleanúna iad 52% díobh agus ar iniúchtaí clárúcháin iad 36% díobh, agus iniúchtaí de chineálacha eile ab ea an 12% eile díobh.
- próiseas dlíthiúil agus gníomh forfheidhmiúcháin a chur ar bun arbh é an toradh a bhí air ná gur dúnadh sé ionad ainmnithe le haghaidh daoine scothaosta sa bhliain 2011. Rinneadh é sin toisc go raibh cúiseanna réasúnta ag an Údarás a chreidiúint go raibh rioscaí tromchúiseacha ann do shláinte agus do leas na gcónaitheoirí, nó go raibh sárú substaintiúil agus suntasach á dhéanamh ar na Rialacháin toisc gur theip ar an soláthraí a dhualgas a chomhlíonadh nó cónaitheoir/ cónaitheoirí a chosaint.
- tabhairt faoi dhá iniúchadh lena n-áirítear:
  - *Iniúchadh ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Seirbhísí agus Socruithe Tacaíochta á soláthar ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) in Ospidéal Ginearálta Mhala a chur i gcrích*
  - tús a chur le*hIniúchadh ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Seirbhísí agus Socruithe Tacaíochta atá a soláthar d'Othair a bhfuil Iontráil Ghéar de dhíth orthu agus a gcuirtear cúram orthu i Rannóg Éigeandála Ospidéal Adelaide agus na Mí, lena n-ionchorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (AMNCH)*
- tabhairt faoi *Fhiosrúchán ar na Cúinsí ba chúis leis an Teip in Aistriú Meadhbh McGivern le haghaidh Obráid Trasphlandaithe agus na Socruithe Idirghníomhaireachta Reatha atá ann do dhaoine a bhfuil Aistriú Éigeandála le haghaidh Obráidí Trasphlandaithe uathu*
- tabhairt faoi thrí Mheasúnacht Teicneolaíochta Sláinte (HTAnna) agus mion-HTA amháin lena n-áirítear:
  - tabhairt faoi Mheasúnacht Teicneolaíochta Sláinte ar Scagachán Prióin Chomhdhlúthúcháin Cill Dheirg chun an Riosca a bhaineann le hAistriú an athraithigh nua ar ghalar Creutzfeldt-Jakob a laghdú in Éirinn.
  - tús a chur le dhá HTA lena n-áirítear Measúnacht Teicneolaíochta Sláinte ar Mháinliacht Mionchró faoi chúnamh róbait agus Measúnacht Teicneolaíochta Sláinte ar Roghanna do mhná faoi bhun 50 bliain d'aois lena mbaineann riosca ardaithe d'ailse chíche.
  - tús a chur le mion-HTA ar Mheasúnacht Eacnamaíoch ar Athscagthástáil VEID Réamhbhreithe ar Mhná atá ag Iompar Clainne.
- tabhairt faoi 56 iniúchadh in ionaid chúraim chónaithe do leanaí, seirbhísí cúram altrama agus gach ionad cúram speisialta agus gach ionad coinneála

- tabhairt faoin *Tuarascáil Iniúchta Náisiúnta Forbhreathnaithe Athleanúna ar na Seirbhísí Cúram Speisialta arna gcur ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte* ina dtagraítear do thrí ionad cúram speisialta atá i dTeach Coovagh i Luimneach, i nGleann Álainn i gCorcaigh agus i mBaile Uí Dhúda i mBaile Átha Cliath
- tabhairt faoin *Iniúchadh Athleanúna Fógartha ar chur i bhfeidhm moltaí náisiúnta faoi sheirbhísí cúram altrama Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*
- cur le ceapadh an Bhille um Fhaisnéis Sláinte atá ag teacht
- roinnt tuarascálacha ar Fhaisnéis Sláinte a sheachadadh lena n-áirítear:
  - *Tuarascáil agus Moltaí ar Atreorú Othar ó Chleachtadh Ginearálta go Seirbhísí d'Othair Sheachtracha agus Seirbhísí Raideolaíochta, lena n-áirítear an Caighdeán Náisiúnta chun Faisnéis faoi Atreorú Othar a sholáthar*
  - *Moltaí le haghaidh Aitheantóirí Sláinte Uathúla do Chleachtóirí agus Eagraíochtaí Cúram Sláinte*
  - *Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Fhoinsí d'Fhaisnéis Sláinte*
  - *Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Cháilíocht Sonraí*
  - *What You Should Know about Information Governance: a Guide for Health and Social Care Staff*
  - *Caighdeán Teachtaireachtaí Cleachtais Ghinearálta 2.0*
- tabhairt faoi cheithre chomhairliúchán phoiblí maidir leo seo a leanas:
  - *Critéir Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta le haghaidh Treoirlínte Cliniciúla*
  - *Treoirlínte chun Measúnacht a dhéanamh ar Éifeachtúlacht Chliniciúil na dTeicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn*
  - *Caighdeáin le haghaidh Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta*
  - *Caighdeáin Náisiúnta maidir le hIdir-inoibritheacht ríomh-Shláinte in Éirinn a fhorbairt*
- comhoibriú a dhéanamh le rialtóirí eile seirbhísí chun tionscnamh seirbhíse poiblí a sheoladh ar Healthcomplaints
- tacú le tionscnamh na hEagraíochta Domhanda Sláinte ***SAVE LIVES: Clean Your Hands*** chun leathadh ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte a laghdú, a smachtú agus a chosc
- leanúint den earcaíocht foirne agus den obair ullmhúcháin le haghaidh thosú na monatóireachta ar chosaint leanaí agus ar sheirbhísí leasa atá ag teacht
- leanúint de chur i bhfeidhm bhonneagair oibríochtúil an Údaráis, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr eagraíochtúil agus ar fhoilsiú *Thuarascáil Bhliantúil 2010*

# 4. Gníomhaíochtaí de réir Stiúrthóireachta



4

# 4.1 Cáilíocht agus Sábháilteacht sa Chúram Sláinte

## Cúlra

De réir an Achta Sláinte, 2007, tá an tÚdarás freagrach as caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta inár seirbhísí sláinte a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin agus imscrúdú a dhéanamh de réir mar a thagann cúiseanna tromchúiseacha imní chun cinn maidir le sláinte agus leas úsáideoirí seirbhíse. Tá an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúram Sláinte de chuid an Údaráis freagrach as tabhairt faoi na feidhmeanna seo ar son an phobail.

## 4.1.1 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn 2011

Le linn 2011, áiríodh leis an obair a bhain le cáilíocht agus le sábháilteacht chúram sláinte na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- tuarascáil a chur ar fáil faoi *Phríomhtháscairí Feidhmíochta Cúram Éigeandála Réamhospidéil le haghaidh Agaí Práinnfhreagartha*
- *Iniúchadh a chur i gcrích faoi Cháilíocht agus Shábháilteacht Seirbhísí agus Socruithe Tacaíochta á soláthar ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ag Ospidéal Ginearálta Mhala*
- tabhairt chun críche *na nDréacht- Chaighdeán Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte níos sábháilte agus níos fearr* agus iad a chur ar aghaidh chuig an Aire Sláinte le haghaidh a bhfaofa agus a sainordaithe
- *Critéir Náisiúnta Dearbhaithe le haghaidh Treoirlínte Cliniciúla a fhoilsiú*
- tús a chur le *hIniúchadh ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Seirbhísí agus Socruithe Tacaíochta atá a soláthar d'Othair a bhfuil Iontráil Ghéar de dhíth orthu agus a gcuirtear cúram orthu i Rannóg Éigeandála Ospidéal Adelaide agus na Mí, lena n-ionchorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (AMNCH)*
- tabhairt faoi Thuarascáil ar an *bhFiosrúchán ar na Cúinsí ba chúis leis an Teip in Aistriú Meadhbh McGivern le haghaidh Obráid Trasphlandaithe agus na Socruithe Idirghníomhaireachta Reatha atá ann do dhaoine a bhfuil Aistriú Éigeandála le haghaidh Obráidí Trasphlandaithe uathu*
- freagra a thabhairt ar réimse faisnéise a cuireadh ar ár súile dúinn maidir le cáilíocht agus le sábháilteacht seirbhísí cúram sláinte
- dul i ngleic le roinnt gníomhaíochtaí chun feabhsuithe ar cháilíocht agus ar shábháilteacht i gcúrsaí sláinte a chur chun cinn.

## 4.1.2 Forbairt ar chaighdeáin agus ar tháscairí feidhmíochta

*Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte níos sábháilte agus níos fearr*

Sa bhliain 2011, rinne an tÚdarás anailís ar 200 aighneacht ón bpróiseas comhairliúcháin ar na*Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte níos sábháilte agus níos fearr* chun forbairt na gCaighdeán Náisiúnta a fhoirmiú. I mí na Bealtaine 2011, cuireadh na caighdeáin sin chun críche agus cuireadh chuig an Aire Sláinte iad le haghaidh faofa agus sainordaithe.

Tá sé mar aidhm ag na caighdeáin sin cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí cúram sláinte a mhéadú trí chur síos a dhéanamh ar cad é ba chóir a bheith i gceist le cáilíocht agus sábháilteacht sna seirbhísí ar fad agus chun bonn a sholáthar go mbeidh na soláthraithe féin, úsáideoirí seirbhíse agus gníomhaireachtaí maoinithe cinnte maidir le cáilíocht agus le sábháilteacht seirbhísí.

Tabharfaidh siad muinín d'ionchais an phobail, d'úsáideoirí seirbhíse agus do sholáthraithe seirbhíse. Ba chóir go mbeadh siad mar threochlár le haghaidh seirbhís cúram sláinte d'ardchaighdeán atá sábháilte agus iontaofa.

Léirítear sna caighdeáin seo go mbíonn eispéireas ag na húsáideoirí seirbhíse ar cháilíocht seirbhíse trí ghnéithe áirithe dá gcúram; bíodh sé bunaithe ar an duine féin, sábháilte, éifeachtach nó má chuireann sé sláinte níos fearr chun cinn. Ina theannta sin, tá gnéithe faoi leith de dhíth i seirbhísí chun cáilíocht ar nós rialaithe, ceannasaíochta, bainistíochta, fórsa saothair, úsáid acmhainní agus úsáid faisnéise a sheachadadh.

D'eagraigh an tÚdarás na dréachtchaighdeáin náisiúnta sin de réir ocht dtéama. Sainaithnítear i ngach téama na príomhthopaicí le haghaidh cáilíochta agus sábháilteachta a phléitear sna caighdeáin sin. Léiríonn na topaicí a phléitear sna téarmaí sin tosaíochtaí reatha i gcomhthéacs sheirbhísí sláinte na hÉireann.



Mar a léirítear i bhfigiúr 2, is é an rún atá ann ná go n-oibreoidh na hocht dtéama le chéile. Le chéile, míníonn siad conas a sholáthraítear cúram d'ardcháilíocht atá sábháilte agus iontaofa agus bunaithe ar an úsáideoir seirbhíse trí bhíthin seirbhíse.

Figiúr 2: Na hOcht dTéama le haghaidh Cáilíochta agus Sábháilteachta *sna Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte níos sábháilte agus níos fearr*






*Ceannaire Caighdeáin agus Modheolaíochta, an Dr Deirdre Mulholland, an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúram Sláinte, agus cóip aici de na Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte níos sábháilte agus níos fearr.*

## Príomhtháscairí Feidhmíochta le haghaidh Cúram Éigeandála Réamhospidéil

D'fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil maidir le *Príomhtháscairí Feidhmíochta Cúram Éigeandála Réamhospidéil le haghaidh Agaí Práinnfhreagartha (Pre-hospital Emergency Care Key Performance Indicators for Emergency Response Times)* Is é an cuspóir atá leis an tuarascáil seo ná comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus moltaí a dhéanamh dó, agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ar thabhairt isteach príomhtháscairí feidhmíochta le haghaidh agaí freagartha cúram éigeandála réamhospidéil[1].

Áiríodh leis na príomhtháscairí feidhmíochta, a mhol an tÚdarás, go mbeadh pearsanra oilte mar is cuí ag freastal ar othair ar bhain teagmhais a bhí bagrach don bheatha dóibh nó stad riospráide laistigh de sheacht nóiméad agus 59 soicind i 75% de na cásanna ar fad. Áiríodh leis an dara príomhthascaire a mhol an tÚdarás go mbeadh pearsanra oilte mar is cuí ag freastal ar othair ar bhain teagmhais a bhí bagrach don bheatha dóibh nó stad riospráide laistigh de sheacht nóiméad agus 59 soicind i 75% de na cásanna ar fad. Thosaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ag tuairisciú go poiblí ar na táscairí seo leathbhealaigh tríd an mbliain 2011.

Rinne an tÚdarás comhordú ar na sonraí bailithe leis an bhFeidhmeannacht agus leis an Roinn Sláinte le linn 2011, de réir mholtaí na tuarascála seo, agus chuir ar aghaidh tuilleadh comhairle chuig an Aire Sláinte i mí na Nollag 2011.

[1] *De réir Alt 8(1)j den Acht Sláinte, 2007*

## 4.1.3 Monatóireacht ar dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeán

### Na Caighdeáin Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta le haghaidh Seirbhísí do Shiomptóim Chíche

Go luath sa bhliain 2010, d'fhoilsigh an tÚdarás torthaí athbhreithnithe ar cháilíocht na n-ocht n-aonad ainmnithe do Shiomptóim Chíche (lena n-áiríodh suíomh satailíte amháin) mar aon le tuarascáil náisiúnta forbhreathnaithe, *Athbhreithniú Náisiúnta Cáilíochta ar Sheirbhísí do Shiomptóim Chíche in Éirinn (National Quality Review of Symptomatic Breast Disease Services in Ireland)*. Sna tuarascálacha sin, rinneadh moltaí le haghaidh gach aonaid agus moltaí náisiúnta le haghaidh an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse (NCCP) de chuid FSS.

Sa bhliain 2011, lean an tÚdarás de theacht le chéile leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse agus leis na haonaid aonair chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí seo.

Thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar an láthair agus foilsíodh tuarascáil bhreise ar Ospidéal Ollscoil Chorcaí i ndiaidh go ndearnadh na seirbhísí a chomhtháthú le hOllscoil Otharlann an Deiscirt. Foilsíodh torthaí an athbhreithnithe seo.

## 4.1.4 Freagairt don fhaisnéis a ardaíonn imní faoi shláinte agus faoi leas úsáideoirí seirbhíse

### *Tuarascáil ar an Iniúchadh ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Seirbhísí agus Socruithe Tacaíochta á soláthar ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) in Ospidéal Ginearálta Mhala*

D'fhoilsigh an tÚdarás *Tuarascáil ar an Iniúchadh ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Seirbhísí agus Socruithe Tacaíochta á soláthar ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) in Ospidéal Ginearálta Mhala.* Sa tuarascáil seo, rinneadh fiche moladh maidir le 'córais chúraim' agus 'rialachas'. Cuireadh béim sa tuarascáil seo ar a thábhachtaí atá sé foghlaim a fhaightear de dhroim cinntí neamhfhabhracha maidir le cuid áirithe den tseirbhís a fheidhmiú ar fud na seirbhíse iomláine chun leas úsáideoirí na seirbhíse.




*Tuarascáil ar an Iniúchadh ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Seirbhísí agus Socruithe Tacaíochta á soláthar ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) in Ospidéal Ginearálta Mhala.*

*Tuarascáil ar an bhFiosrúchán ar na cúinsí ba chúis leis an teip in aistriú Meadhbh McGivern le haghaidh obráid trasphlandaithe agus na socruithe idirghníomhaireachta reatha atá ann do dhaoine a bhfuil aistriú éigeandála le haghaidh obráidí trasphlandaithe uathu*

Ar iarratas ón Aire Sláinte, chuir an tÚdarás fiosrúchán ar bun chun na heachtraí ba chúis leis an teip in aistriú Meadhbh McGivern le haghaidh obráid trasphlandaithe ar an 2 Iúil 2011 a fháil amach. Ba é an cuspóir a bhí leis an bhfiosrúchán athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe idirghníomhaireachta a bhí i bhfeidhm ag an am do dhaoine a raibh aistriú éigeandála uathu le haghaidh obráid trasphlandaithe, agus chun gníomhaíochtaí ar bith ba chóir a chur i bhfeidhm a shainaithint chun na socruithe seo a fheabhsú sa todhchaí.




*Ceannaire na nOibríochtaí, na Sábháilteachta agus na Foghlama, Hilary Coates, an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúram Sláinte, agus cóip aici den tuarascáil ar Fhiosrúchán McGivern.*

Ba é an toradh ba mhó ar an bhfiosrúchán nach raibh duine nó gníomhaireacht faoi leith i gceannas nó freagrach as an bpróiseas iomlán cúraim agus aistrithe.  Mar chuid d'fhiosrúchán an Údaráis, rinneadh teagmháil leanúnach le muintir McGivern agus leis na príomhsholáthraithe seirbhíse agus gníomhaireachtaí freagrach as othair a bhfuil obráid trasphlandaithe uathu a aistriú lasmuigh d'Éirinn. D'fhoilsigh an tÚdarás torthaí a thuarascála ar an bhfiosrúchán agus cuireadh síos ann ar chróineolaíocht eachtraí, feabhsuithe, próiseas nua, conclúidí agus moltaí.




*Tuarascáil ar an bhFiosrúchán ar na cúinsí ba chúis leis an teip in aistriú Meadhbh McGivern le haghaidh obráid trasphlandaithe agus na socruithe idirghníomhaireachta reatha atá ann do dhaoine a bhfuil aistriú éigeandála le haghaidh obráidí trasphlandaithe uathu*

## *Iniúchadh ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Seirbhísí agus Socruithe Tacaíochta atá a soláthar d'Othair a bhfuil Iontráil Ghéar de dhíth orthu agus a gcuirtear cúram orthu i Rannóg Éigeandála Ospidéal Adelaide agus na Mí, lena n-ionchorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (AMNCH).*

D'fhógair an tÚdarás *Iniúchadh ar Cháilíocht, Shábháilteacht agus Rialú an Chúraim a chuirtear ar fáil in Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha, lena n-ionchorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (AMNCH) d'othair a bhfuil iontráil ghéar de dhíth orthu* le linn 2011.

Spreagadh an t-iniúchadh seo i ndiaidh gur léiríodh imní maidir le cáilíocht agus le sábháilteacht an chúraim a thugtar d'othair a bhfuil iontráil ghéar de dhíth orthu agus a gcuirtear cúram orthu sa Rannóg Éigeandála.

D'iarr an tÚdarás dearbhuithe roimhe sin maidir leis an gcaoi a raibh na rioscaí sin á rialú agus á mbainistiú ag Bord agus Feidhmeannacht an Ospidéil. Rinne Bord an Údaráis an cinneadh iniúchadh a spreagadh[2] ar cháilíocht, shábháilteacht agus rialú an chúraim atá á sholáthar d'othair a bhfuil iontráil ghéar de dhíth orthu san ospidéal. Tá sé ar intinn ag an Údarás a chuid torthaí a fhoilsiú sa bhliain 2012.


[2] *Tá an t-imscrúdú seo de réir alt 9(1) den Acht Sláinte 2007*

## Daoine a bhfuil imní orthu faoi shábháilteacht agus faoi chaighdeán seirbhísí cúram sláinte

Sa bhliain 2011, fuair an tÚdarás 211 ábhar imní maidir le cáilíocht agus le sábháilteacht seirbhísí cúram sláinte a bhíonn a soláthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó ar a son. Déanann an tÚdarás measúnú ar gach faisnéis a fhaigheann sé ina léirítear imní faoi riosca do shláinte nó do leas duine atá ag fáil seirbhísí cúram sláinte á soláthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó ar a son.

Úsáideann an tÚdarás an fhaisnéis a fhaigheann sé chun caighdeáin, gníomhaíochtaí monatóireachta agus idirghabhálacha rialaithe eile a fhorbairt. Ón mbliain 2008 i leith, bhí méadú bliain i ndiaidh na bliana ar líon na n-ábhar imní faighte ag an Údarás. Léiríonn Figiúr 3 méadú 41% ón mbliain 2010 go 2011.

Figiúr 3: Líon na n-ábhar imní faighte ag an Údarás maidir le cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí cúram sláinte in 2010 agus in 2011



## 4.1.5 Feabhsuithe i gcáilíocht agus i sábháilteacht a chur chun cinn

### Comhdháil Chomhpháirtíocht na hEorpa le haghaidh Eagraíochtaí Maoirseachta (EPSO), 2011

D'fhreastail ionadaithe ón Údarás ar Chomhdháil Chomhpháirtíocht na hEorpa le haghaidh Eagraíochtaí Maoirseachta i dTuaisceart Éireann. Tá sé mar chuspóir ag an gcomhdháil cáilíocht cúram sláinte (sa Chomhphobal Eorpach lena n-áirítear tíortha atá i gComhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSE)) trí fhaisnéis, dea-chleachtas agus droch-chleachtas, agus taighde a roinnt agus eagraíochtaí bhaineann le seachadadh cúram sláinte atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a nascadh.



*Rinneadh ionadaíocht don Údarás ag Comhdháil Chomhpháirtíocht na hEorpa le haghaidh Eagraíochtaí Maoirseachta i dTuaisceart Éireann: chun tosaigh, an dara duine ón gclé, An Dr Deirdre Mulholland, Ceannaire ar Chaighdeáin agus Mhodheolaíocht, an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúram Sláinte*

# 4.2 Tuarascáil ó Oifig an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialacha/ ón gCigireacht Seirbhísí Sóisialacha

## Cúlra

Ón 1 Iúil 2009, tá Cigireacht Seirbhísí Sóisialacha an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte freagrach as clárú agus as iniúchadh a dhéanamh ar gach ionad ainmnithe do dhaoine neamhspleácha (seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta lena n-áirítear ionaid altranais). Léirigh an méid sin athrú suntasach ón gcóras rialaithe a bhíodh ann ar thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) faoi agus nach ndearna clárú ná iniúchadh ach ar sholáthraithe cláraithe príobháideacha agus deonacha amháin.

Tá breis agus 28,000[3] cónaitheoir ag cur fúthu in 574[4] ionad ainmnithe in Éirinn agus tá an tÚdarás freagrach as a áirithiú go mbíonn gach ionad cláraithe roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2012. I dteannta le rialú na n-ionad ainmnithe, lean an tÚdarás d'iniúchadh a dhéanamh ar ionaid chónaithe reachtúla do leanaí, ar aonaid sainchúraim, ar scoileanna coinneála agus ar sheirbhísí cúram altrama. Cur chuige dírithe ar an gcónaitheoir a bhíonn ar bun ag an Údarás nuair a bhítear i mbun measúnachta ar an dóigh a gcomhlíontar riachtanais na gcónaitheoirí i réimse na n-ionad cónaithe a ndéantar iniúchadh orthu. Sa bhliain 2011, lean an tÚdarás den obair ullmhúcháin chun tús a chur leis an monatóireacht ar chosaint leanaí agus ar sheirbhísí leasa atá ag teacht.

## 4.2.1 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn 2011

Le linn 2011, áiríodh na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an obair a bhain leis an gCigireacht Seirbhísí Sóisialacha:

- clárú agus iniúchadh a dhéanamh ar ionaid ainmnithe (tithe altranais) agus ar sheirbhísí cónaithe leanaí agus tuarascálacha ar iniúchtaí a fhoilsiú ar ár láithreán Gréasáin (www.hiqa.ie)
- athruithe ar an bpróiseas clárúcháin a chur i bhfeidhm le haghaidh ionaid ainmnithe i ndiaidh an tionscadail athbhreithnithe ar chlárúcháin a chur i gcrích
- córais inmheánacha faisnéise a fhorbairt chun tuairisciú uathoibritheach ar gníomhaíocht rialaithe a chumasú
- tuarascálacha náisiúnta a fhoilsiú lena n-áirítear *Iniúchadh Athleanúna ar chur i bhfeidhm moltaí náisiúnta maidir le seirbhísí cúram altrama Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ar an Tuarascáil Iniúchta Náisiúnta Forbhreathnaithe Athleanúna ar na Seirbhísí Cúram Speisialta arna gcur ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*
- modheolaíocht nua le haghaidh iniúchtaí cúram sláinte a fhorbairt agus a threorú
- obair ullmhúcháin chun tús a chur leis an monatóireacht ar chosaint leanaí agus ar sheirbhísí leasa atá ag teacht.

[3] *Tá na figiúirí seo cruinn amhail ó Mheán Fómhair 2011*
[4] *Tá na figiúirí seo cruinn amhail ó Mheán Fómhair 2011*

## 4.2.2 Obair ullmhúcháin chun tús a chur leis an monatóireacht ar chosaint leanaí agus ar sheirbhísí leasa atá ag teacht.

Cuireadh in iúl i *dTuarascáil an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí Leanaí a Fhiosrú, 2009: an Plean Feidhmithe* (a d'fhoilsigh an Rialtas) go bhforbródh an tÚdarás caighdeáin le haghaidh cosaint leanaí agus go dtosódh sé ar iniúchadh a dhéanamh ar chosaint leanaí agus ar sheirbhísí leasa.[5] Thug an tÚdarás faoi obair forbartha sa bhliain 2011 mar ullmhúchán don fheidhm nua seo.

### Dréachtchaighdeáin Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí


Áiríodh le creat an Údaráis le haghaidh dhréachtú na gcaighdeán náisiúnta go ndéanfaí athbhreithniú ar litríocht idirnáisiúnta agus náisiúnta agus go mbunófaí Grúpa Comhairleach Caighdeán. Is éard a bhí sa ghrúpa ná ionadaithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón Roinn Dlí agus Comhionannais, ón nGarda Síochána, ionadaithe ó ghrúpaí rialaithe agus ó eagraíochtaí neamhreachtúla a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí agus do pháirtithe leasmhara eile. Thug an grúpa comhairleach comhairle agus aischothú ar na dréacht-Chaighdeáin agus beidh próiseas comhairliúcháin phoiblí ann sa bhliain 2012.

Cuirtear síos sna Caighdeáin ar shaintréithe seirbhíse a chosnaíonn agus a chuireann chun cinn leas leanaí lena áirithiú go bhfaigheann siad cúram agus cosaint chuí, nó sa chás ina mbíonn imní maidir le caighdeán agus le sábháilteacht an chúraim a chuirtear orthu. Áirítear le príomhthéamaí na gcaighdeán ná cúram bunaithe ar leanaí, seirbhís shábháilte agus éifeachtach, rialú, ceannasaíocht agus bainistíocht agus úsáid éifeachtach acmhainní agus faisnéise.

I dteannta le forbairt na gcaighdeán, thug an tÚdarás faoi obair eile ullmhúcháin maidir le monatóireacht ar sheirbhísí cosanta leanaí agus leasa lena n-áirítear feachtas chun tuilleadh cigirí a earcú[6] agus dréacht-mhodheolaíocht, áiseanna agus doiciméid tionlacain a fhorbairt.




[5] *Níor cuireadh tús leis an monatóireacht ar sheirbhísí um chosaint agus leas leanaí in 2011*
[6] *Tá aon chigire bhreise dhéag á n-earcú le haghaidh na feidhme seo.*




*Sa bhliain 2011 lean an tÚdarás dá thiomantas lena áirithiú go gcluintear glórtha leanaí san iniúchadh ar sheirbhísí leanaí. Cuireadh le chéile an bhileog eolais seo ar iniúchtaí HIQA ar sheirbhísí FSS a oireann do leanaí agus do dhaoine óga, agus dáileadh í mar chuid d'iniúchadh ar sheirbhís cúram altrama FSS. Tá faisnéis ann maidir le ról an Údaráis agus tugtar ainmneacha agus sonraí teagmhála na gcigirí. Bhí an bhileog eolais ar cheann de na tionscnaimh éagsúla nua a tástáladh le linn 2011 chun féachaint ar bhealaí nua don Údarás dul i ngleic le leanaí. Áirítear leis na modhanna eile a bhfuil iniúchadh á dhéanamh againn orthu ná teicneolaíocht idirghníomhach le leanaí chun agallaimh a dhéanamh níos suimiúla agus níos spraíúla dóibh agus ceistneoir ar líne ar láithreán Gréasáin an Údaráis (www.hiqa.ie) ionas gur féidir le pobal níos leithne leanaí atá faoi sheirbhís cúram altrama FSS a gcuid tuairimí a thabhairt faoin gcúram atá á fháil acu.*

## Leanaí a chosaint

Sa bhliain 2011, leanadh den iniúchadh ar sheirbhísí cúram leanaí faoi na forálacha a rinneadh san Acht um Chúram Leanaí, 1991. Ar an iomlán, tugadh faoi 56 iniúchadh sa bhliain 2011 in ionaid chúraim chónaithe do leanaí, seirbhísí cúram altrama agus gach aonad sainchúraim agus gach ionad coinneála; léirítear i bhfigiúr 4 líon agus cineálacha na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích. Tugadh faoi bhunús na n-iniúchtaí sa bhliain 2011 in ionaid chúraim chónaithe do leanaí ach bhí cuid mhór tuairiscithe sna meáin i rith na bliana faoi fhoilsiú roinnt tuarascálacha náisiúnta forbhreathnaithe ar sholáthar seirbhísí cúram altrama FSS agus ar aonaid sainchúraim.





*An Tuarascáil Iniúchta Náisiúnta Forbhreathnaithe Athleanúna ar na Seirbhísí Cúram Speisialta arna gcur ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*

Sa bhliain 2011, thug an tÚdarás *faoin Tuarascáil Iniúchta Náisiúnta Forbhreathnaithe Athleanúna ar na Seirbhísí Cúram Speisialta arna gcur ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*[7] ina bhfuil nuashonrúchán ar chur i bhfeidhm na Feidhmeannachta ar na moltaí a rinne an tÚdarás roimhe atá ar fáil i dTuarascáil Forbhreathnaithe ar Sheirbhísí Cúram Sláinte FSS, a d'fhoilsigh an tÚdarás an bhliain roimhe. Aimsíodh sa tuarascáil go raibh cúig cinn de na seacht moladh náisiúnta comhlíonta ag FSS, lena n-áirítear oifigeach monatóireachta de chuid FSS a cheapadh le haghaidh gach aonaid sainchúraim agus na feabhsuithe a rinneadh ar shocruithe rialachais le haghaidh na n-aonad sainchúraim. D'aimsigh an tÚdarás freisin go raibh dhá mholadh nár comhlíonadh ina n-iomláine agus go raibh gá le tuilleadh gníomhaíochta ina leith siúd. Ba iad na moltaí a bhí i gceist ná an moladh go bhfoilseodh an Fheidhmeannacht straitéis náisiúnta maidir le soláthar seirbhísí sainchúraim do leanaí agus go gcuirfí i bhfeidhm í. Ba é an moladh eile nár comhlíonadh ina iomláine ná moladh go gcuirfeadh FSS i bhfeidhm na moltaí a bhí i dtuarascáil an Bhoird Chomhairligh um Achtanna na Leanaí, *Tracing and Tracking of Children Subject to a Special Care Application 2010*, laistigh de limistéir réasúnta ama. Tá FSS ag tabhairt faoi obair le dul i ngleic leis an dá mholadh seo.

Sa *Tuarascáil maidir leis an Iniúchadh Athleanúna ar chur i bhfeidhm moltaí náisiúnta maidir le seirbhísí cúram altrama Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*, cinneadh nár comhlíonadh na moltaí maidir leis an measúnacht chuí, grinnfhiosrúchán ná faomhadh cúramóirí altrama, ach mar sin féin bhí feabhas tagtha ar mhonatóireacht fhoriomlán FSS ar a seirbhísí sainchúraim.

Is cuid thábhachtach den phróiseas iniúchta tuairimí leanaí a fháil, a bhfuil cónaí orthu faoi chúram cónaithe, maidir leis an dearcadh atá acu ar an gcúram atá á fháil acu. Go mall sa bhliain 2011, rinne cigirí modheolaíocht úr a threorú le haghaidh iniúchtaí cúram altrama lenar áiríodh úsáid teicneolaíochta idirghníomhaí, ar nós ceistneoirí ar líne le comhlánú ag leanaí ina iarradh a gcuid tuairimí faoin gcúram agus faoi na seirbhísí a bhíonn á bhfáil acu.

## Figiúr 4: Líon agus cineálacha iniúchtaí ar sheirbhísí leanaí curtha i gcrích ón 1 Eanáir go dtí an 31 Eanáir 2011




*[7]Tagraíonn seo d'aonaid chúram speisialta a chuirtear ar fáil i dTeach Coovagh i Luimneach, i nGleann Álainn i gCorcaigh agus i mBaile Uí Dhúda i mBaile Átha Cliath.*

## 4.2.3 Gníomhaireacht agus tuairisciú clárúcháin agus iniúchta

### Daoine scothaosta a chosaint

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar chomhlíonadh aonad ainmnithe leis na Caighdeáin agus Rialúcháin chuí[8] ar bhonn leanúnach mar seo a leanas:

- nuashonrúcháin ó sholáthraí a fháil maidir le heachtraí suntasacha agus anailís a dhéanamh ar na nuashonrúcháin sin
- faisnéis gan iarradh a fháil ó thríú páirtí a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar imní faoin tseirbhís atá ar fáil in ionad agus anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin
- tabhairt faoi iniúchtaí ar an ionad a d'fhéadfadh a bheith fógartha nó neamhfhógartha, sceidealaithe, spreagtha nó mar chuid den phróiseas clárúcháin
- idirghníomhaíochtaí áirithe lena n-áirítear cruinnithe a d'fhéadfadh a bheith ann le soláthraí.

Sa bhliain 2011, rinne an tÚdarás iniúchadh ar 513 ionad ainmnithe agus tugadh faoi 769 cuairt iniúchta san iomlán (mar atá léirithe i bhFigiúr 5 ar an gcéad leathanach eile ina léirítear roinnt cineálacha áirithe iniúchtaí). I measc na 769 iniúchadh a cuireadh i gcrích sa bhliain 2011, iniúchtaí athleanúna (52%) agus iniúchtaí clárúcháin (36%) ab ea na cineálacha iniúchtaí ba choitianta. Go ginearálta, chuaigh soláthraithe na n-ionad ainmnithe i ngleic go dearfach leis an Údarás maidir leis na gníomhaíochtaí is gá a chur i bhfeidhm chun ionaid a dhéanamh comhlíontach leis na Caighdeáin agus na Rialúcháin agus tá tiomantas léirithe acu chun torthaí d'ardcháilíocht agus cúram bunaithe ar an duine a sheachadadh do chónaitheoirí.


Le bheith cláraithe ag Príomhchigire na Cigireachta Seirbhísí Sóisialacha, is gá do sholáthraí ionaid ainmnithe a chumas a léiriú chun seirbhís a chur ar fáil a chomhlíonann an tAcht Sláinte 2007, Rialúcháin agus Caighdeáin. Sa phróiseas clárúcháin, déantar measúnú iomlán ar chumas soláthraí seirbhís a chur ar fáil do dhaoine spleácha, agus déantar measúnú sa phróiseas freisin ar gach duine a bhfuil baint acu le bainistíocht ionaid lena áirithiú go bhfuil siad in ann an leibhéal seirbhíse is gá a sholáthar chun riachtanais chónaitheoirí a chomhlíonadh.

Is gá don Údarás a áirithiú go mbíonn gach soláthraí, a bhí i bhfeidhm ar an 30 Meitheamh 2009 nó roimhe, cláraithe nó ar an eolas faoin gcinneadh a rinneadh an clárúchán reatha a dhiúltú nó a chur ar ceal faoin 30 Meitheamh 2012 óir tá an dáta seo ag deireadh an chéad chúrsa clárúcháin trí bliana. Faoi dheireadh na bliana 2011, eisíodh teastas clárúcháin do 317 ionad san iomlán.

Sa bhliain 2011 d'athraigh an tÚdarás an próiseas clárúcháin le haghaidh ionaid ainmnithe, i ndiaidh gur cuireadh i gcrích an tionscadail athbhreithnithe ar chlárúchán, chun riar an phróisis chlárúcháin a chuíchóiriú.

*[8] Is ionann na Caighdeáin agus na National Quality Standards for Residential Settings for Older People in Ireland. Is iad na Rialacháin ná na Rialúcháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2009 (arna leasú) agus na Rialúcháin um an Acht Sláinte 2007 (Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta a Chlárú), 2009.*

Figiúr 5: Líon agus cineálacha iniúchtaí ar ionaid ainmnithe curtha i gcrích ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2011.




## Míniú ar a bhfuil i gceist le gach iniúchadh:

- Déantar cigireachtaí clárúcháin mar chuid den phróiseas clárúcháin i ngach ionad. Bíonn an cineál cigireachta seo ag teastáil freisin má athraítear úinéireacht ionaid agus má dhéanann an soláthraí nua iarratas ar chlárú.
- Déantar iniúchtaí leantacha chun ábhair shainithe a sheiceáil a thig ó iniúchadh roimhe sin a gcaithfidh an soláthraí beart a dhéanamh ina leith.
- Féadfar iniúchtaí monatóireachta a dhéanamh chun díriú ar cheanglais lárnacha rialála, agus is iondúil go mbíonn na hiniúchtaí seo níos giorra ná na hiniúchtaí clárúcháin.
- Déantar iniúchtaí sceidealta mar chuid den mhonatóireacht leanúnach ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhíse a sholáthraítear do chónaitheoirí in ionad.
- Déantar iniúchtaí spreagtha tar éis don Údarás ábhar imní nó fógra a fháil faoi imeacht a d'fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh do shláinte nó d'fholláine cónaitheoirí. I gcás iniúchta den chineál seo, is féidir leis an gcigire díriú ar an ábhar imní a léiríodh san fhaisnéis a fuarthas.

As an 513 ionad ainmnithe ar tugadh cuairt iniúchta orthu sa bhliain 2011, tugadh cuairt iniúchta amháin ar bhreis agus dhá thrian (69% n=355), tugadh dhá chuairt iniúchta ar 21% (n=106) agus tugadh trí chuairt iniúchta ar an 10% (n=52) a bhí fágtha. I dTábla 3, tugtar líon agus céatadán na gcuairteanna iniúchta ar ionaid ainmnithe, ar bhonn ionaid agus mar chion de chuairteanna san iomlán.

Tábla 3: Líon na gcuairteanna iniúchta a rinneadh in 2011 le haghaidh ionaid ainmnithe

| Líon na gcuairteanna ar ionaid | Líon na n-ionad (I=513 aonad) | Mar chéatadán d'ionaid (I=513 aonad) | Iomlán na | Mar chéatadán de chuairteanna (I=769 cuairt) |
|---|---|---|---|---|
| 1 chuairt amháin | 355 | 69% | 355 | 46% |
| 2 chuairt | 106 | 21% | 212 | 28% |
| 3 chuairt | 31 | 6% | 93 | 12% |
| 4 chuairt | 13 | 3% | 52 | 7% |
| 5 chuairt | 3 | 1% | 15 | 2% |
| 6 chuairt | 2 | <1% | 12 | 2% |
| 7 gcuairt | 1 | <1% | 7 | 1% |
| 8 gcuairt | 1 | <1% | 8 | 1% |
| 15 chuairt | 1 | <1% | 15 | 2% |
| **IOMLÁN** | **513** | **100%** | **769** | **100%** |

## 4.2.4 Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin

Féadfaidh an tÚdarás gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a chur i gcrích sa chás go mbíonn cúiseanna réasúnta ann lena chreidiúint go bhfuil rioscaí tromchúiseacha ann do shláinte agus do leas cónaitheoirí in ionad, nó go bhfuil sárú substaintiúil agus suntasach déanta ar na Rialacháin toisc gur theip ar sholáthraí a dhualgas a chomhlíonadh chun cónaitheoir nó cónaitheoirí a chosaint.

Dúnadh sé ionad san iomlán sa bhliain 2011 mar gheall ar ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a rinne an tÚdarás de réir mar atá liostaithe i dTábla 4 thíos.

Tábla 4: Líon iomlán gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sa bhliain 2011

| Dúnta faoi Alt nó Ailt den Acht Sláinte 2007, arna leasú | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Alt 50** Cinneadh chun Diúltú d'Iarratas ar Chlárú | **Alt 51 (1)(a)** Cealú nach bhfuil práinn leis ar chlárú | **Alt 59 (1)** Iarratas práinneach chun clárú a chealú | **Alt 60** Iarratas práinneach ex parte chuig an gCúirt Dúiche chun clárú a chealú |
| Líon na n-orduithe a rinneadh | 3[9] | 3[9] | 3[10] | 2[10] |

[9] *Bhí orduithe faoi Alt 50 agus faoi Alt 51 araon ag 3 ionad*

[10] *Bhí orduithe faoi Alt 59 agus faoi Alt 60 ag 2 ionad; bhí ordú faoi Alt 59 agus é sin amháin ag ionad amháin.*

## Ábhair Imní

Faoi na Rialúcháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2009 (arna leasú), is gá don soláthraí cláraithe próiseas agus nós imeachta gearán a chur i bhfeidhm chun gearáin a láimhseáil agus chun iniúchadh a dhéanamh orthu agus chun an toradh a chur in iúl don ghearánaí.

Sa bhliain 2011 fuair an tÚdarás 426 ábhar imní maidir le hionaid ainmnithe. Áiríodh leis na daoine a léirigh ábhair imní cónaitheoirí san ionad, cuairteoirí agus/nó gaolta le cónaitheoirí atá ag cur fúthu san ionad, ball nó baill foirne, tacadóir(í) nó tríú páirtí a bhfuil teagmháil dhíreach acu le cónaitheoir. Déantar an fhaisnéis a fhaigheann an tÚdarás a mheas maidir leis na nithe seo a leanas:

- an tionchar ar na cónaitheoirí
- caighdeán na seirbhíse atá á soláthar
- cé acu an léiríonn an t-ábhar imní riosca do shábháilteacht na gcónaitheoirí, nó nach léiríonn
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na caighdeáin agus na rialúcháin comhlíonta ag an soláthraí cláraithe.


Bunaithe ar an measúnacht sin, cinnfidh an tÚdarás cén ghníomhaíocht, má bhíonn ceann ar bith ann, a d'fhéadfaí a bheith riachtanach chun daoine atá ag cur fúthu in ionad ainmnithe a chosaint.

Léirítear i bhFigiúr 6 ar an gcéad leathanach eile na cúig chatagóir is mó imní a tháinig chuig an Údarás sa bhliain 2011, miondealaithe sna catagóirí seo a leanas:

- *Ceisteanna maidir le cosaint (39%)*
- *Ionchur na foirne altranais/cúraim (15%)*
- *Inniúlacht agus iompar na foirne (7%)*
- *Conradh/ráiteas téarmaí agus coinníollacha (5%)*
- *Cumarsáid (4%)*



Figiúr 6: Catagóir na n-ábhar imní a fuarthas sa bhliain 2011.




Faoi dheireadh na bliana 2011, dúnadh 96% (n=411) de na hábhair imní maidir le hionaid ainmnithe agus bhí 4% díobh (n=15) ar oscailt i gcónaí.

Is éard a threoraíonn an próiseas ábhair imní do leanaí ná an tAcht um Chúram Leanaí 1991 agus Tús Áite do Leanaí - *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí*. Sa bhliain 2011, tuairiscíodh 99 ábhar imní san iomlán don Údarás maidir le cúram altrama agus ionaid cúram leanaí. Cuireadh na hábhair imní sin in iúl d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus bhí 10% (n=9) de na hábhair imní seo ar oscailt i gcónaí faoi dheireadh 2011.

I láthair na huaire, ní dhéanann an tÚdarás seirbhísí le haghaidh daoine faoi mhíchumas a rialú nó a iniúchadh, cé go bhfuair an tÚdarás 22 ábhar imní maidir le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas sa bhliain 2011.

## 4.2.5 Cumarsáid

### Láithreoireachtaí comhdhála

Rinne an tÚdarás láithreoireachtaí ar an ról atá aige chun ionad ainmnithe a rialú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cónaithe do ghrúpaí lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha
- Cumann na bPríomh-Oifigeach Dóiteáin
- Cruinnithe réigiúnacha ***Nursing Home Ireland***
- Cumann Bainisteoirí Náisiúnta Altranais do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachtúil
- An Tríú Comhdháil Dhébhliantúil um Chosaint Leanaí agus Obair Shóisialta Leasa

### Cruinnithe de Phainéil Soláthraithe

Lean an tÚdarás de chruinnithe a óstáil le haghaidh trí Phainéal Soláthraithe réigiúnacha (ina bhfuil soláthraithe ionad ainmnithe) ar bhonn ráithiúil sa bhliain 2011. Tugann na cruinnithe deis do bhainisteoirí agus d'úinéirí aischothú a thabhairt ar a gcuid taithí faoin iniúchadh agus ar na próisis iniúchta. Baintear úsáid as aiseolas ó sholáthraithe chun ailt le haghaidh nuachtlitir na soláthraithe a aithint. Is minic a bhíonn tuilleadh soiléirithe de dhíth ar ghnéithe faoi leith dár bpróisis nó dár riachtanais le haghaidh rialúcháin faoi leith.

### Nuachtlitir Phainéal Cairde agus Gaolta

Lean an Painéal Náisiúnta Cairde agus Gaolta, ina bhfuil cairde agus gaolta daoine a bhfuil cónaí orthu in ionaid ainmnithe, de theacht le chéile sa bhliain 2011. D'fhoilsigh an painéal a chéad Nuachtlitir, deartha chun eolas agus cumhacht a chur ar fáil do chairde agus do ghaolta na ndaoine in ionaid chúraim chónaithe faoin dea-chleachtas i gcúram cónaithe agus faoin iniúchadh agus faoi obair chlárúcháin an Údaráis.


Issue 2
2011
Reach
Quarterly newsletter for the family and friends of those living in residential care centres in Ireland

Health Information and Quality Authority

**HIQA CEO Says Standards of Care Continue to Improve**

In a recent interview with *Reach*, Dr Tracey Cooper, Chief Executive Officer of the Health Information and Quality Authority (HIQA), said that the new standards, introduced for residential care centres two years ago, are continuing to improve quality of care.

While the full spectrum of regulation has come to Ireland relatively late in the day, Dr Cooper says there is real evidence of a changing culture. "The overwhelming majority of residential care centres have responded by substantially improving standards. It is often simple changes that make a real difference to people's quality of life such as offering an improved range of activities and providing residents with choices at meal times."

She points out that other less visible improvements have also occurred. For example, improved management of medication is an important safety issue but one that is not necessarily apparent to either the resident or their family members.

Dr Cooper says it is difficult to say how Ireland compares to other countries. "Many countries still do not regulate residential care centres and in general, organised networks of social care are not as advanced as in other areas. However, there is a growing global movement to sharing best practice and HIQA is actively involved in a number of networks."

*Story continued on page 2*

**Contents**

Standards of Care Continue to Improve 1-2
Sharing the Best 3
Family Album 4
Reader Feedback 5
Did You Know
How to Make a Complaint 6
We Want to Hear from You 6

**About Us**

This newsletter is written and produced by the volunteers who serve on the National Relatives Panel. We operate under the auspices of the Social Services Inspectorate, part of the Health Information and Quality Authority (HIQA).

The Social Services Inspectorate is responsible for the establishment of quality standards and the regular inspection nationwide of both private and public residential care centres (otherwise known as "nursing homes").

*Nuachtlitir REACH Phainéal Náisiúnta Cairde agus Gaolta*

## Cumarsáid rialta le heagraíochtaí cuí

Tagann an tÚdarás le chéile go rialta leis na príomhghrúpaí soláthraithe, ar nós ***Nursing Homes Ireland*** agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chun ceisteanna iomchuí a bhaineann le rialú na n-ionad ainmnithe a phlé. Sna cásanna ina bhfuil réimsí d'fhreagracht chomhroinnte nó fhorluite, tá an tÚdarás ag obair freisin chun Meamram Tuisceana a fhorbairt idir é féin agus na heagraíochtaí reachtúla iomchuí eile chun beartais chomhoibritheacha a phlé agus comhaontú a dhéanamh orthu. Sa bhliain 2011 chuir an tÚdarás agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta Meamram Tuisceana i gcrích chun gníomhaíochtaí an dá eagraíocht a mhéadú agus a gcuid freagrachtaí reachtúla a chur i gcrích, go háirithe maidir le sábháilteacht.

## Nuachtlitir le haghaidh soláthraithe ionad ainmnithe

Foilsíonn an tÚdarás nuachtlitir agus cuireann sé amach go rialta í chuig soláthraithe ionad ainmnithe, ina gcuirtear in iúl obair rialaithe an Údaráis in iúl dóibh mar aon le hathruithe iomchuí i nósanna imeachta. Tugtar cás-staidéir ó na hiniúchtaí sna hionaid ainmnithe sa nuachtlitir, mar aon le hachoimre ar phríomhfhorbairtí agus ar fhoilseacháin eisithe ag eagraíochtaí a bhaineann le dea-chleachtas a chur chun cinn i gcúram sóisialta, agus tugtar eolas do sholáthraithe faoi chomhdhálacha ar bith ábhartha atá ag teacht.

## Anailís ar thorthaí na n-iniúchtaí in ionaid ainmnithe le linn an chéad 15 mhí d'iniúchadh.

Thosaigh an tÚdarás ag dréachtú tuarascála ina dtugtar forbhreathnú náisiúnta siarghabhálach ar na torthaí ón gcéad 15 mhí de na hiniúchtaí ar ionaid ainmnithe ó tosaíodh ar iniúchtaí a dhéanamh an 1 Iúil 2009 go deireadh Mheán Fómhair 2010. Is éard atá sa tuarascáil seo, a fhoilseofar sa bhliain 2012, anailís ar sháruithe ar na Rialúcháin agus an chaoi ar fhreagair soláthraithe maidir le dul i ngleic leis na sáruithe sin in iniúchtaí athleanúna a rinneadh ina ndiaidh.

# 4.3 Faisnéis Sláinte

## An tuiscint atá ag daoine ar fhaisnéis sláinte

Tá sé riachtanach go mbíonn rochtain chruinn, iomlán, intuigthe agus in am ag eagraíochtaí agus ag gairmithe atá bainteach le soláthar cúram othair, cúram sláinte agus cúram sóisialta. Tá sé tábhachtach chun cáilíocht agus sábháilteacht ár gcuid seirbhísí a áirithiú. Trí obair Stiúrthóireacht na Faisnéise Sláinte, bímid ag iarraidh sábháilteacht othar agus cáilíocht an chúraim a fheabhsú trí chaighdeáin a fhorbairt i bhfaisnéis sláinte: caighdeáin le haghaidh sainmhínithe, caighdeáin chun faisnéis a roinnt, caighdeáin chun rialú agus príobháideachas faisnéise a rialú, agus caighdeáin chun úsáid, cuimsiú agus cáilíocht faisnéise a uasmhéadú.




*Réimse tuarascálacha agus treoirdhoiciméad curtha ar fáil ag Stiúrthóireacht na Faisnéise Sláinte*

## Cúlra

Tá faisnéis ar infhaighteacht, inrochtaineacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht ár seirbhísí sláinte ríthábhachtach le haghaidh córas cúram sláinte iontaofa agus sábháilte. Tá faisnéis mhaith agus í a úsáid go maith riachtanach le cinntí maithe a dhéanamh, agus bíonn seirbhísí feabhsaithe mar thoradh uirthi. In ainneoin go bhfuil láidreachtaí sa chóras, agus pócaí reatha feabhais, tá an pictiúr foriomlán ilroinnte agus easpa caighdeán agus bearnaí criticiúla ann. Tá an tÚdarás freagrach as anailís a dhéanamh ar cháilíocht agus ar chuimsiú reatha na faisnéise sláinte, as bearnaí a aithint agus as moltaí a dhéanamh leis na bearnaí sin a líonadh.

Is cuid thábhachtach d'obair na Stiúrthóireachta é sainmhínithe caighdeánacha a chur i bhfeidhm le haghaidh faisnéise, lena áirithiú go mbíonn inchomparáideacht chiallmhar ann agus nach mbíonn dúbláil iarrachta ann. Tá an tábhacht chéanna ag baint le caighdeáin chun tacú le hidir-inoibritheacht na gcóras faisnéise sláinte chun comhroinnt éifeachtach na faisnéise sláinte a éascú san earnáil.

Tá creat le haghaidh rialú faisnéise lárnach i gcóras faisnéise sláinte ina mbunaítear an gcaoi ar féidir faisnéis a chomhroinnt go sábháilte agus ina gcosnaítear rúndacht.

Gné thábhachtach eile den chreat sin is ea infhaighteacht aitheantóra uathúil othair atá riachtanach do shábháilteacht othair agus a bhfuil impleachtaí tábhachtacha eile aige maidir leis an éascaíocht inar féidir faisnéis a chomhroinnt idir soláthraithe cúram sláinte.  Tá aitheantóirí uathúla le haghaidh gairmithe agus eagraíochtaí cúram sláinte díreach chomh tábhachtach céanna. Tá aitheantóirí den chineál sin ríthábhachtach chun taifid leictreonacha sláinte a fhorbairt.

## 4.3.1 Tosaíochtaí

Ba é an cuspóir ba mhó a bhí ag an Stiúrthóireacht in 2011 ná leanúint den chlár oibre a bhaineann le faisnéis sláinte a chur i bhfeidhm, trí roinnt tuarascálacha ar ghnéithe áirithe den obair a fhoilsiú, lena n-áirítear:

- *Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Cháilíocht Sonraí*
- *Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Bainistíocht Rialachais na Faisnéise Sláinte*
- *Téamaí na gCaighdeán le haghaidh Foinsí d'Fhaisnéis Sláinte Náisiúnta in Éirinn a aithint*
- *Tuarascáil agus Moltaí ar Atreorú Othar ó Chleachtadh Ginearálta go Seirbhísí d'Othair Sheachtracha agus Seirbhísí Raideolaíochta, lena n-áirítear an Caighdeán Náisiúnta chun Faisnéis faoi Atreorú Othar a sholáthar*
- *Moltaí le haghaidh Aitheantóirí Sláinte Uathúla do Chleachtóirí agus Eagraíochtaí Cúram Sláinte*
- *Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Fhoinsí d'Fhaisnéis Sláinte*
- *What you should know about Information Governance: a Guide for health and social care staff*
- *Caighdeán do Theachtaireachtaí i gCleachtas Ginearálta Leagan 2.0*
- *Dréacht-chaighdeáin le haghaidh Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta*

  *nCaighdeáin Náisiúnta maidir le hIdir-inoibritheacht ríomh-Shláinte in Éirinn a fhorbairt: Doiciméad Comhairliúcháin*

Bhí na tosaíochtaí a sainaithníodh bunaithe ar na tosaíochtaí siúd atá leagtha amach i bPlean Corparáideach an Údaráis 2012-2012, ag Bord an Údaráis, agus i ndiaidh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Ba ghá athsceidealú áirithe a dhéanamh ar an gclár oibre mar gheall ar mhoill i bhfoilsiú an Bhille um Fhaisnéis Sláinte agus freisin toisc gur tugadh isteach mórthionscadal nua maidir le moltaí a dhéanamh atá dírithe ar phróiseas atreoraithe Cleachtóirí Ginearálta a fheabhsú. Cuireadh an tionscadal sin i gcrích le linn 2011.




*Sliocht as an Treoir um Rialú Faisnéise le haghaidh baill foirne cúram sláinte agus sóisialta (lgh 26 - 27) ina gcuimsítear na príomhphointí ar rialú faisnéise.*

## 4.3.2 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn 2011

Caighdeáin Theicniúla

Foilsíodh leagan nua de Caighdeán do Theachtaireachtaí i gCleachtas Ginearálta Leagan 2.0 i ndiaidh aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara agus tástáil chomhréireachta teachtaireachtaí in éadan Leagan 1.0 den chaighdeán. Tá níos mó soiléireachta san athbhreithniú maidir leis an bhfaisnéis a chuireann ospidéil ar aghaidh chuig cleachtóirí ginearálta, ar nós gné nua 'torthaí leasaithe' a chur isteach ina bhfuil tuilleadh faisnéise do chleachtóirí ginearálta ar na tástálacha saotharlainne atá ordaithe acu.

Gné thábhachtach eile de chóras cúram sláinte atá éifeachtach, sábháilte agus nua-aimseartha is ea seirbhísí cúram sláinte a sheachadadh agus a fheabhsú tríd an idirlíon agus teicneolaíochtaí eile ar líne a úsáid. Tugtar ríomh-shláinte ar na teicneolaíochtaí sin freisin. Féadtar ríomh-ordú oideas, taifid leictreonacha sláinte agus malartú ar líne na faisnéise sláinte idir seirbhísí éagsúla a sholáthraíonn cúram d'othair a áireamh le ríomh-shláinte.

Ag tarraingt ar dheireadh 2011, d'fhoilsigh an tÚdarás doiciméad comhairliúcháin ar Chaighdeáin Náisiúnta maidir le hIdir-inoibritheacht ríomh-shláinte in Éirinn a fhorbairt. Leagtar amach sa doiciméad sin treochlár atá molta chun caighdeáin idir-inoibritheachta ríomh-shláinte a fhorbairt ina gcinnteofar go bhfuil na príomhchlocha tógála i bhfeidhm chun Taifead Leictreonach Sláinte náisiúnta a thabhairt isteach am éigin amach anseo, mar aon le leasa suntasacha a sholáthar

maidir le malartú sábháilte na faisnéise sláinte san idirlinn.

Aitheantóirí Sláinte Uathúla do Chleachtóirí agus Eagraíochtaí Cúram Sláinte

D'oibrigh an tÚdarás i gcomhar le grúpa comhairleach a rinne ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara náisiúnta lárnacha, agus d'fhoilsigh sé Moltaí le haghaidh Aitheantóirí Sláinte Uathúla do Chleachtóirí agus Eagraíochtaí Cúram Sláinte. Tá na moltaí sin curtha faoi bhráid an Aire Sláinte le ceadú agus le sainordú tráth a bheidh an reachtaíocht is gá curtha i bhfeidhm trí bhíthin an Bhille um Fhaisnéis Sláinte atá le teacht.

Aitheantóir Sláinte Uathúil do dhaoine aonair in Éirinn

Tá an tÚdarás tar éis leanúint leis an bplé atá ar siúl leis an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara lárnacha eile maidir le haitheantóir sláinte uathúil a thabhairt isteach do dhaoine aonair. Tá moltaí an Údaráis bunaithe ar fhianaise idirnáisiúnta, ar rialachas láidir agus ar luach ar airgead.

An Bille um Fhaisnéis Sláinte

Tá an Bille um Fhaisnéis Sláinte á fhorbairt ag an Roinn Sláinte i láthair na huaire. Is píosa ríthábhachtach reachtaíochta é lena mbunófar an creat reachtaíochta chun an tÚdarás a chumasú a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh maidir le faisnéis sláinte. Lean an tÚdarás ag cur go gníomhach le cumadh an Bhille i rith 2011.

Creat Rialachais um Fhaisnéis Sláinte

Tá méadú ag teacht ar fheasacht maidir leis an luach a bhaineann le faisnéis phearsanta sláinte. Ní mór faisnéis den chineál sin a bhainistiú i gceart, áfach, chun iad siúd lena mbaineann an fhaisnéis a chosaint agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as bailiú agus úsáid na faisnéise sin.

---

In 2011. chuir an Stiúrthóireacht treoir thábhachtach. atá furasta le húsáid ar fáil chun feasacht




maidir le rialachas faisnéise a ardú i measc na bhfoirne cúram sláinte agus sóisialta go léir, dar teideal: What you should know about Information Governance: a Guide for health and social care staff

---

Mar aitheantas ar chastacht na saincheisteanna maidir le rialachas faisnéise, d'fhoilsigh an

tÚdarás leabhrán furasta le húsáid What you should know about Information Governance: a Guide for health and social care staff. Dáileadh an leabhrán seo go forleathan ar fud an chórais cúram sláinte agus sóisialta.

Tá an tÚdarás ag obair leis chun treoir mhionsonraithe a fhorbairt maidir le Rialachas Faisnéise, a bheidh taobh leis na Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte níos sábháilte agus níos fearr, atá le ceadú ag an Aire Sláinte in 2012.

### Caighdeáin le haghaidh Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta

Bailítear méid suntasach faisnéise maidir lenár seirbhísí sláinte ar bhonn rialta. Baintear úsáid as an bhfaisnéis seo le haghaidh go leor críocha tábhachtacha, lena n-áirítear monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar thorthaí sláinte, galracht agus básmhaireacht, faireachas agus eipidéimeolaíocht, úsáid acmhainní, aisíocaíocht agus ceapadh beartais. Le cúnamh ó ghrúpa comhairleach agus ó athbhreithniú idirnáisiúnta cuimsitheach ar dhea-chleachtas, tá caighdeáin náisiúnta á bhforbairt ag an Údarás chun cáilíocht fhoriomlán na n-acmhainní faisnéise sláinte a áirithiú, lena n-áirítear an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní.

D'fhoilsigh an tÚdarás Dréacht-Chaighdeáin le haghaidh Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta agus cuireadh os comhair an phobail iad chun tuairimí a fháil. Táthar ag súil go ndéanfar foráil chun na Caighdeáin sin a shainordú go hiomchuí sa Bhille um Fhaisnéis Sláinte atá le teacht.




*I measc na dtuarascálacha um Fhaisnéis Sláinte a seachadadh in 2011, áirítear iad seo a leanas: Tuarascáil agus Moltaí ar Atreorú Othar ó Chleachtadh Ginearálta go Seirbhísí d'Othair Sheachtracha agus Seirbhísí Raideolaíochta, lena n-áirítear an Caighdeán Náisiúnta chun Faisnéis faoi Atreorú Othar a sholáthar agus Moltaí le haghaidh Aitheantóirí Sláinte Uathúla do Chleachtóirí agus Eagraíochtaí Cúram Sláinte*

## An Tionscadal Athbhreithnithe ar Atreorú ó Chleachtadh Ginearálta

Tá athbhreithniú mionsonraithe déanta ag an Údarás ar na nósanna imeachta agus ar na próisis sa chúram príomhúil agus sa chúram tánaisteach maidir leis an gcosán atreoraithe ó Chleachtadh Ginearálta. Léiríodh neamhréireachtaí agus rioscaí san obair sin, a d'fhéadfaí a laghdú trí phróiseas níos caighdeánaithe.

Cuireadh an obair sin i gcrích in 2011, agus mar thoradh ar an obair sin, foilsíodh Tuarascáil agus Moltaí ar Atreorú Othar ó Chleachtadh Ginearálta go Seirbhísí d'Othair Sheachtracha agus Seirbhísí Raideolaíochta, lena n-áirítear an Caighdeán Náisiúnta maidir le Faisnéis faoi Atreorú Othar a sholáthar.  Déantar roinnt moltaí sa tuarascáil atá dírithe ar an gcosán atreoraithe a fheabhsú agus leagtar síos ann teimpléad caighdeánach d'fhaisnéis atreoraithe freisin. Tá treoirscéim ar siúl le leagan leictreonach den teimpléad sin a úsáid.

## Eitic Thaighde

I rith 2011, thosaigh an tÚdarás ar an bpróiseas ullmhúcháin le haghaidh an ról mar chomhlacht faireacháin na gCoistí Eitice Taighde (RECanna) a aistriú ón Aire Sláinte chuig an Údarás. Déanfar an t-aistriú sin de réir Threoir an AE maidir le Triail Chliniciúil. Tá athbhreithniú cuimsitheach ar siúl maidir leis an gcleachtas idirnáisiúnta sa réimse seo, rud a chabhróidh chun faisnéis a chur ar fáil do na caighdeáin ar cheart a bheith i bhfeidhm maidir leo siúd atá ag lorg aitheantais, faoin Treoir, go gcumasófaí iad trí bhíthin an Bhille um Fhaisnéis Sláinte.

# 4.4 Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte

## Cúlra

De réir an Achta Sláinte, tá ról reachtúil ag an Údarás maidir le forbairt a dhéanamh ar dhisciplín na Measúnachta ar Theicneolaíocht Sláinte (HTA) in Éirinn, agus tabhairt faoi mheasúnachtaí ar leith. Aithnítear go forleathan go bhféadfadh ról mór a bheith ag na measúnachtaí sin chun faisnéis a chur ar fáil don bheartas sláinte ag gach leibhéal, agus is féidir leis tacú le cinnteoireacht éifeachtach bunaithe ar an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní sa chóras cúram sláinte. Is é príomhchuspóir HTA ná beartais sláinte shábháilte agus éifeachtacha a chumasú atá dírithe ar othair agus lena mbaintear an luach is fearr amach ar na hacmhainní atá ar fáil. Baintear é sin amach trí thacaíocht agus faisnéis a chur ar fáil don chinnteoireacht maidir le cúram sláinte.

Ó 2007 i leith, tá Stiúrthóireacht an HTA tar éis tabhairt faoi réimse measúnachtaí trínar cuireadh faisnéis ar fáil do bheartas náisiúnta agus do chinntí seirbhíse. Tá treoirlínte forbartha ag an Stiúrthóireacht maidir le seoladh agus measúnú na Measúnachtaí ar Theicneolaíochtaí Sláinte (HTA) ar féidir le daoine eile in Éirinn tabhairt fúthu, rud a thacóidh le forbairt acmhainní HTA ar gach leibhéal cinnteoireachta. Leanfar de threoirlínte de bhreis a fhorbairt sna blianta atá amach romhainn. Tá páirt glactha ag an Stiúrthóireacht i dtionscnaimh níos leithne ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta atá dírithe ar bheartais sláinte shábháilte, éifeachtacha agus éifeachtúla a chumasú.

Tá cúig HTA déanta ag an Údarás go dtí seo. I rith 2011, chuireamar tús le dhá HTA agus le mion-HTA amháin, agus chuireamar HTA amháin i gcrích.

### 4.4.1 Measúnachtaí ar Theicneolaíocht Sláinte a rinneadh in 2011

#### Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte ar Scagachán Prióin Chomhdhlúthúcháin Cill Dheirg chun an Riosca a bhaineann le hAistriú an athraithigh nua ar ghalar Creutzfeldt-Jakob a laghdú in Éirinn.

D'fhoilsigh an tÚdarás na torthaí ó HTA ar scagairí prión, teicneolaíocht nua a bhfuil sé de chumas aici laghdú de bhreis a dhéanamh ar an riosca íseal atá ann athraitheach ar ghalar Creutzfeldt-Jakob (vCJD) a aistriú trí fhuilaistriú. D'aontaigh an tÚdarás tabhairt faoin HTA seo mar thoradh ar iarratas ón Roinn Sláinte. Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire Sláinte ansin chun í a mheas.

Rinne an HTA athbhreithniú ar an bhfianaise maidir le scagachán prióin chomhdhlúthúcháin cill dheirg (RCC). Ba é conclúid na tuarascála ná go bhfuil costas airgeadais ard ag baint le hísliú de bhreis a dhéanamh ar riosca ar dhóigh é a bheith íseal cheana féin, i gcomparáid leis na leasa a bhaineann leis. I gcomhthéacs buiséad socraithe maidir le cúram sláinte, ní mór aird a thabhairt ar na teicneolaíochtaí agus na seirbhísí reatha a bheadh le díláithriú dá ndéanfaí cinneadh beartas scagacháin prióin chomhdhlúthúcháin cill dheirg a thabhairt isteach in Éirinn.

**Figure 6.1** Cost-effectiveness of universal prion filtration




*Sliocht as leathanach 61 den mheasúnacht ar theicneolaíocht sláinte ar scagachán prióin chomhdhlúthúcháin cill dheirg chun an riosca a bhaineann le haistriú an athraithigh nua ar ghalar Creutzfeldt-Jakob (vCJD) a laghdú in Éirinn. Léiríonn an figiúr an costas a bhaineann le scagachán prión i gcoinne na mblianta saoil a ghnóthaítear trí úsáid a bhaint as scagachán. In 76.3% d'ionsamhluithe, seachnaíodh bás amháin ar a laghad ó vCJD mar thoradh ar scagachán prión. Mar thoradh ar an ionchas saoil níos giorra tar éis fuilaistrithe, chomh maith leis an bpróifíl aoise níos sine a bhaineann le faighteoirí fuilaistriúcháin, ní bheidh gnóthú blianta saoil mar thoradh ar gach cás ina seachnaítear ionfhabhtú.*

### Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte ar Mháinliacht faoi chúnamh Róbait i nGnáthaimh Máinliachta Roghnaithe

D'aontaigh an tÚdarás tabhairt faoi HTA ar mháinliacht faoi chúnamh róbait mar fhreagra ar iarratas ón Stiúrthóir Náisiúnta um Cháilíocht agus Cúram Cliniciúil i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Is é cuspóir an HTA sin ná measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil maidir le sábháilteacht agus éifeachtúlacht mháinliacht faoi chúnamh róbait do thásca sonraithe, na costais agus an éifeachtacht ó thaobh costas de a bhaineann le beartas do mháinliacht faoi chúnamh róbait a chur i bhfeidhm agus comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna oiliúna agus eagraíochtúla eile a d'fhéadfaí a mheas sula ndéantar cinneadh maidir le teicneolaíocht den chineál sin a ghlacadh i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Is éard atá i gceist le máinliacht faoi chúnamh róbait ná úsáid a bhaint as uirlis mháinliachta ardteicneolaíochta chun máinliacht ionraigh íosta a dhéanamh i ngnáthaimh áirithe. Tá suas le ceithre ghéag róbait ar an ngléas le hionstraimí máinliachta orthu a bhíonn á rialú ag an máinlia ó chonsól obráide atá píosa amach ón othar. Maítear go bhféadfadh an córas seo torthaí níos fearr nó laghdú ar aimhréideanna a bhaint amach d'othair ar a ndéantar na gnáthaimh sin. Tá úsáid bainte as an teicníc ar fud an domhain i réimse leathan gnáthamh máinliachta go dtí seo, lena n-áirítear galair úireolaíochta, ghinéiceolaíochta agus chairdeolaíochta agus galair a bhaineann leis an gcloigeann agus leis an muineál. Cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Aire Sláinte ina dhiaidh sin chun í a mheas, agus foilseofar an tuarascáil in 2012.

## Measúnacht Eacnamaíoch ar Athscagthástáil VEID Réamhbhreithe.

Tá treoirlínte náisiúnta foilsithe maidir le bainistíocht VEID le linn toirchis ar fáil in Éirinn ó 2001 i leith. Tá na treoirlínte reatha le tabhairt chun dáta in 2012. Mar thoradh ar iarratas ó fhorbróirí na dtreoirlínte, d'aontaigh an tÚdarás tabhairt faoi mheasúnacht eacnamaíoch ar mholadh féideartha nua chun beartas a thabhairt isteach go ndéanfaí atástáil uilíoch VEID ar mhná torracha sa tríú ráithe.


I dteannta na saincheisteanna ar leith a bhaineann le treoirlínte a fhorbairt sa tionscadal seo, creideadh go gcuirfí deis ar fáil chun áirgiúlacht 'mhion-HTA' a léiriú trí thabhairt faoi mheasúnacht eacnamaíoch. Is teimpléad é sin i gcomhair HTA a d'fhéadfadh cinnteoirí a úsáid agus a chur in oiriúint nuair a bheadh measúnachtaí comhréireacha á ndéanamh acu atá ábhartha dá riachtanais. Tá sé bunaithe ar an gcur chuige a úsáidtear in HTA, agus tá sé i gceist go gcabhródh sé le cinnteoireacht maidir le teicneolaíochtaí a thabhairt isteach laistigh de shuíomh seirbhíse ar leith nó do ghrúpa sonrach othar, nó maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí sin a leathnú. Is iondúil go gcuirtear mion-HTA i gcrích laistigh de thréimhse ama i bhfad níos giorra agus nach mbaintear úsáid as an oiread acmhainní. Dá bhrí sin bíonn leibhéal níos ísle sonraí ann ná mar a bhíonn in HTA iomlán.

Is é cuspóir na measúnachta ná faisnéis a chur ar fáil le haghaidh moladh agus cinneadh dá éis cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le hathrú ar na treoirlínte reatha maidir le scagthástáil VEID réamhbhreithe ar mhná. Beidh anailís sa mheasúnacht ar éifeachtacht ó thaobh costais de agus anailís ar an tionchar buiséadach a bheadh ag ath-scagthástáil VEID réamhbhreithe uilíoch sa tríú ráithe. Tá dréacht-thuarascáil formhuinithe trí phróiseas le sainghrúpa comhairleach ildisciplíneach. Táthar ag súil go gcuirfear an tuarascáil deiridh faoi bhráid FSS agus go bhfoilseofar í go luath in 2012.

### Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte ar Chlár Faireachais do mhná faoi bhun 50 bliain d'aois lena mbaineann riosca ardaithe d'ailse chíche.

Tar éis don Údarás iarratas a fháil ón gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse, d'aontaigh an tÚdarás tabhairt faoi HTA chun measúnacht a dhéanamh ar na roghanna faireachais agus ar an éifeachtacht ar an gcostas a bhaineann leo do mhná faoi bhun 50 bliain d'aois lena mbaineann riosca ardaithe d'ailse chíche. I measc na dteicneolaíochtaí arna measúnú san HTA seo, tá mamagrafaíocht dhigiteach agus íomháú athshondais mhaighnéadaigh (MRI). Déanfar measúnú freisin sa HTA ar an aois ar chóir don fhaireachas tosú i ngach ceann de na grúpaí lena mbaineann riosca, chomh maith le minicíocht an fhaireachais sin.

Tá Sainghrúpa Comhairleach Ildisciplíneach tugtha le chéile chun comhairle a chur ar an Údarás maidir le seoladh an mheasúnaithe sin. Táthar ag súil go gcuirfear an obair ar an HTA i gcrích in 2012 agus go seolfar isteach tuarascáil deiridh chuig an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse agus chuig an Aire Sláinte le measúnú a dhéanamh uirthi.



## 4.4.2 Treoirlínte do Mheasúnachtaí ar Theicneolaíocht Sláinte a forbraíodh in 2011

Lean an tÚdarás lena chlár de threoirlínte HTA don chóras cúram sláinte níos leithne in Éirinn a fhorbairt i rith 2011. Forbraítear na treoirlínte sin i gcomhar leis an nGrúpa Comhairleach Eolaíochta HTA. Cuimsíonn an grúpa seo páirtithe leasmhara lárnacha i gcúram sláinte in Éirinn, lena n-áirítear saineolaithe modheolaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirtear na dréacht-threoirlínte trí phróiseas comhairliúcháin fhoirmiúil phoiblí spriocdhírithe roimh don ghrúpa iad a fhaomhadh go hoifigiúil, agus cuirtear faoi bhráid Bhord an Údaráis iad lena gceadú.

### Treoirlínte chun Measúnacht a dhéanamh ar Éifeachtúlacht Chliniciúil na dTeicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn

Tá na Treoirlínte maidir le hÉifeachtúlacht Chliniciúil ar an tríú sraith treoirlínte a táirgeadh sa tsraith treoirlínte Measúnachta HTA. Baineann éifeachtúlacht chliniciúil leis an gcumas atá ag teicneolaíocht tionchar suntasach cliniciúil a imirt ar stádas sláinte othair. Mar shampla, an cumas atá ag druga an riosca taom croí a laghdú trí bhrú fola a ísliú.

Déantar éifeachtúlacht chliniciúil a mheas faoi dhá cheannteideal sna treoirlínte: tomhas na héifeachta agus modhanna comparáide nó meitea-anailís. Úsáidtear an chéad cheann chun an tionchar atá ag teicneolaíocht ar stádas sláinte othair a dheimhniú. Sa dara ceann, féachtar ar shaincheisteanna a bhaineann le comparáid a dhéanamh ar dhá theicneolaíocht nó níos mó agus ar na bealaí chun na héifeachtaí tomhaiste thar roinnt staidéar a chumasc chun go mbeidh an bonn fianaise chomh mór agus is féidir. Leagtar síos na saincheisteanna modheolaíochta bainteacha go léir, agus cuirtear treoir ar fáil maidir leis an modh is oiriúnaí a roghnú d’anailís ar leith.

## 4.4.3 Achoimre ar ghníomhaíochtaí eile i rith 2011

### Forbairt acmhainní agus acmhainneachta i Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte

Is disciplín réasúnta nua agus tearcfhorbartha atá in HTA in Éirinn. Chun tacú le forbairt saineolais náisiúnta maidir le seoladh agus léirmhíniú ar thionscadail, tá an tÚdarás tar éis leanúint de chomhoibriú le páirtithe leasmhara seachtracha chun pleanáil a dhéanamh ar dheiseanna oiliúna agus oideachais in HTA. I measc na dtionscnamh, tá meantóireacht a dhéanamh ar mhac léinn sa chlár comhaltachta PhD in Eacnamaíocht na Sláinte (cómhaoinithe ag an mBord Taighde Sláinte agus ag an Institiúid Náisiúnta Ailse sna Stáit Aontaithe), deiseanna intéirneachta a chur ar fáil do chéimithe faoi oiliúint i réimsí bainteacha agus trí thacaíocht oiliúna agus oideachais a chur ar fáil do bhaill foirne an HTA chun cur lena gcuid saineolais.



## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Lean an Stiúrthóireacht ag dul i ngleic le páirtithe leasmhara lárnacha in 2011 chun tionscadail a bhí ar siúl a éascú agus faisnéis a chur ar fáil dóibh, agus chun faisnéis a chur ar fáil don chlár oibre leanúnach HTA. Tionóltar Sainghrúpa Comhairleach Ildisciplíneach do thionscadail nua ar a bhfuil baill ó pháirtithe leasmhara lárnacha lena n-áirítear lucht déanta beartais, soláthraithe seirbhíse, cliniceoirí, grúpaí othar agus saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta HTA. Leanann Stiúrthóireacht an HTA ag tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta náisiúnta um Thaighde Sláinte trína bhallraíocht den Ghrúpa um Thaighde Sláinte (an Roinn Sláinte). Tá Stiúrthóir an HTA ina bhall freisin de Choiste na Roinne Sláinte um Éifeachtúlacht Chliniciúil.




*Tharraing an Coimisiún aird ar thabhairt chun críche roinnt tionscadail taighde a rabhamar ag tacú leo, lena n-áirítear HTA. Choimisiúnaigh an tÚdarás Eatramhach na tionscadail seo chun eolas a chur ar fáil maidir lenár bhforbairt mar eagraíocht agus spreag siad roinnt tionscadal ar fud an Údaráis sna réimsí seo a leanas: Faisnéis Sláinte, Measúnachtaí ar Theicneolaíocht Sláinte agus clárú agus iniúchadh seirbhísí cónaithe. Sa phictiúr ó chlé go deas tá Dolores Quinn, Leas-Chathaoirleach Bhord an Údaráis, an Dr Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach an Údaráis, an Dr Conor Kennedy agus an Dr Claire Collins ó Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann agus Pat McGrath, Cathaoirleach Bhord an Údaráis.*

## 4.4.4 Líonraí idirnáisiúnta

### Líonra Eorpach do Mheasúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte (EUnetHTA)

Is é an tÚdarás an comhlacht Náisiúnta HTA ainmnithe don tionscadal um ghníomhaíocht chomhpháirteach ar HTA (EUnetHTA), atá maoinithe ag an AE. Tá sé d'aidhm ag an nGníomhaíocht Chomhpháirteach comhoibriú éifeachtach agus inbhuanaithe HTA a chruthú a chuireann breisluach ar fáil ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach. Cuireadh tús leis an tionscadal trí bliana in Eanáir 2010, agus tugtar 33 gníomhaireacht HTA agus táirgeoir institiúideach HTA le chéile ann. Tá an tÚdarás ina chomhpháirtí sa Ghníomhaíocht Chomhpháirteach seo agus tá sé gníomhach ag cur le trí cinn de na hocht bpacáiste oibre.

#### Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte idirnáisiúnta (HTAi)

Tá an tÚdarás ina bhall de Mheasúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte Idirnáisiúnta (HTAi) – eagraíocht ghairmiúil idirnáisiúnta a dhíríonn go sonrach ar HTA. Tá institiúidí acadúla, áiseanna cúram sláinte, tionscal, gnó, an earnáil dheonach agus eagraíochtaí rialtais mar bhaill den ghrúpa seo.

Tar éis don Údarás comhdháil idirnáisiúnta HTAi 2010 a óstáil go rathúil i mBaile Átha Cliath, lean sé le forbairt agus le giaráil na gcaidreamh a forbraíodh le heagraíochtaí comhlaigh eile, d'fhonn a éifeachtacht a mhéadú ó thaobh HTAnna ar an gcaighdeán is airde a fhorbairt. Bhí an tábhacht a bhaineann le líonrú den chineál sin le feiceáil go soiléir san HTA ar mháinliacht faoi chúnamh róbait, ina raibh an fhoireann measúnachta ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí ó Cheanada agus ó Shasana a bhí ag tabhairt faoi mheasúnachtaí cosúla. Bhí baill de na gníomhaireachtaí sin páirteach mar bhaill den Sainghrúpa Comhairleach mar shaineolaithe idirnáisiúnta in HTA. Cuireann baill de Stiúrthóireacht an HTA leis an gclár oibre idirnáisiúnta freisin trí fheidhmiú mar athbhreithneoirí seachtracha.

Tá an tÚdarás ina bhall freisin de líonra idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí do Mheasúnachtaí ar Theicneolaíocht Sláinte (INAHTA) agus cuireann sé leis an malartú idirnáisiúnta faisnéise chun seoladh éifeachtach HTA a chumasú trí chur in oiriúint HTA do chur i bhfeidhm áitiúil.



# 4.5 Seirbhísí Corparáideacha

## Cúlra

Bíonn ról lárnach ag Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha ó thaobh éifeachtacht na gcóras, an bhonneagair agus na bpróiseas is gá chun seachadadh éifeachtach sheirbhísí an Údaráis a éascú do na páirtithe leasmhara go léir. Tá réimse gníomhaíochtaí curtha i gcrích i rith na bliana chun bonneagar an Údaráis a fhorbairt agus a láidriú a thuilleadh.

## 4.5.1 Acmhainní daonna

Cuireann an fhoireann Acmhainní Daonna seirbhís acmhainní daonna iomlán ar fáil don eagraíocht. Cuimsítear caidreamh le fostaithe, forbairt beartais, earcaíocht, cúiteamh (párolla, pinsin agus sochair eile), tacaíocht an chórais bainistíochta feidhmíochta agus forbairt eagraíochtúil leis sin.

Rinneadh obair chun foghlaim eagraíochtúil agus forbairt a bhainistiú mar rannpháirtí san fheidhmíocht eagraíochtúil. D'oibrigh an fhoireann Acmhainní Daonna le páirtithe leasmhara inmheánacha chun cláir foghlama agus forbartha lárnacha a aithint agus a sheachadadh i réimsí lárnacha straitéiseacha. Tacaíodh le fostaithe aonair freisin trí chlár tacaíochta acadúil.

Rinneadh an córas Faisnéise um Acmhainní Daonna, a fuarthas an bhliain roimhe, a leabú in 2011.

Lean an tseirbhís Acmhainní Daonna den phróiseas earcaíochta foirne agus den obair ullmhúcháin chun tús a chur leis an monatóireacht ar chosaint leanaí agus ar sheirbhísí leasa atá ag teacht.

## 4.5.2 Bainistíocht airgeadais

Lean an fhoireann Airgeadais ag bainistiú airgeadas an Údaráis ar bhealach slán. Comhlíonadh oibleagáidí airgeadais agus bailíodh táillí bliantúla gan íoc go tráthúil. Bhíothas ábalta bainistíocht ghéar a dhéanamh ar chaiteachas ionchais i gcoinne na n-acmhainní a bhí pleanáilte agus na hacmhainní a bhí ar fáil trí úsáid a bhaint as buiséadú agus as réamhaisnéisí lár na bliana.

Rinne soláthraí inmheánach iniúchóireachta an Údaráis iniúchadh ar rialuithe inmheánacha airgeadais an Údaráis i rith na bliana, agus níor tugadh aon chúis imní ábhartha faoi deara.

Chuir an tÚdarás tús leis an obair chun córas airgeadais fadtéarmach barrmhaitheasa a aithint don Údarás, a chuirfidh le cuspóir an Údaráis don bhliain 2011 córas feabhsaithe airgeadais a cheannach agus a chur i bhfeidhm.

Cuireadh cuntais bhliantúla an Údaráis i gcomhair 2011 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na scálaí ama a leagtar síos san Acht Sláinte, 2007 (Féach Caibidil 5).

## 4.5.3 Plean Corparáideach agus Plean Gnó

D'fhoilsigh an tÚdarás Plean Gnó 2011 inar leagadh síos na cuspóirí gnó lárnacha a bhí le baint amach i rith na bliana. Bhí na cuspóirí sin ag teacht leis an bPlean Corparáideach 2010-2012. Tá dul chun cinn i gcoinne na bpleananna sin leagtha síos sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá an dá dhoiciméad ar fáil ar láithreán Gréasáin an Údaráis, www.hiqa.ie.

## 4.5.4 Bainistíocht áiseanna agus éifeachtúlacht fuinnimh

Tá príomhoifig an Údaráis lonnaithe i Machain, Corcaigh, agus tá Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath lonnaithe i Margadh na Feirme. Tá tríocha ball foirne cigireachta a bhíonn ag obair óna mbaile féin ag an Údarás. Cuimsítear réimsí slándála, sláintíochta, fála, cothabhála agus deisithe i mbainistíocht ár n-áiseanna, chomh maith le bainistíocht acmhainní agus soláthraithe seirbhíse. Cuimsítear leis freisin aimsiú agus bainistíocht áiseanna seomraí cruinnithe seachtracha ar fud na tíre, a bhíonn á sholáthar ag gníomhaireachtaí earnála poiblí eile don fhoireann oibre. Chomh maith leis an dá oifig a bhainistiú, bainistíonn an tÚdarás cothabháil aonad oifige in Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath, ina bhfuil gníomhaireacht rialtais eile lonnaithe faoi láthair.

### Ídiú fuinnimh

Ídítear fuinneamh i bhfoirgnimh an Údaráis chun teas, aerchóiriú, uisce te, solas agus cumhacht do threalamh oifige a sholáthar. In 2011, ba é ceannoifig an Údaráis a bhí freagrach as 34% den ídiú fuinnimh, agus ba é Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath a d'ídigh 66% den fhuinneamh.

In 2011, d'éirigh leis an Údarás feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe a bhaint amach trí laghdú 39% a dhéanamh san ídiú fuinnimh.

D'ídigh an tÚdarás 587 MWh fuinnimh, a bhí comhdhéanta mar seo a leanas:

- 198 MWh leictreachais i bPríomhoifig an Údaráis
- 251 MWh leictreachais in Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
- 138 MWh breoslaí iontaise in Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath

Optimising Power @ Work

Bhí an fheidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe a bhain an tÚdarás amach mar thoradh ar roinnt tionscnamh lena n-áirítear iad seo a leanas:

- cur i bhfeidhm an fheachtais feasachta foirne 'Optimising Power @ Work' le cabhair ó Oifig na nOibreacha Poiblí
- gléasanna spárála fuinnimh a chur i ngníomh amhail coigeartú a dhéanamh ar an tréimhse feidhmithe a bhíonn ag soilse na hoifige tar éis dóibh a bheith curtha i ngníomh i réimsí nach mbíonn mórán daoine iontu
- bogearraí a úsáid ar an líonra ríomhairí chun fuinneamh a chaomhnú

- díchúpláil na gcóras ar Chórais Bainistíochta Foirgnimh an Údaráis (BMS)
- tréimhsí téimh agus fuaraithe laistigh de na foirgnimh a choigeartú.

Tá sé i gceist ag an Údarás leanúint leis na tionscnaimh a bunaíodh faoin bhfeachtas fuinnimh 'Optimising Power @ Work' i rith na bliana seo chugainn.

I measc na mbeart sin, áirítear:

- coigeartú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na córais teasa, aeraithe agus aerchóirithe sna foirgnimh
- pleananna chun freastal ar sheimineár Oifig na nOibreacha Poiblí mar chuid de shearmanas bronnta duaiseanna an fheachtais 'Optimising Power @ Work'
- leanúint de bhualadh go rialta le hionadaí comhairleach fuinnimh Oifig na nOibreacha Poiblí
- laethanta 'siúl síos' a eagrú san Údarás chun úsáid an ardaitheora a laghdú
- iniúchtaí BMS breise a chur i gcrích
- feachtais feasachta foirne bhreise a chur ar siúl
- athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí TCF chun deiseanna spárála fuinnimh eile a aimsiú.

## 4.5.5 Córais Faisnéise

Lean an fhoireann Teicneolaíochta Cumarsáide agus Faisnéise (TCF) de sheirbhísí agus de thacaíocht TCF a chur ar fáil don Údarás. Cuireadh roinnt tionscadail nua i gcrích in 2011.

Rinneadh an bonneagar do chóras bainistíochta faisnéise pleanáilte an Údaráis, ar a dtugtar Prism, a shuiteáil agus a chumrú in 2011. Tá sé i gceist againn an chuid forbartha den tionscadal a thosú nuair a bheidh riachtanais an tionscadail sainmhínithe againn. I rith 2011, bhaineamar triail freisin as gléasanna móibíleacha chun cur lenár straitéis fhadtéarmach maidir le Prism mar chuid dár gcuid oibre ullmhúcháin.

Chuireamar tús le roinnt tionscadal lenar feabhsaíodh slándáil agus athléimneacht chórais agus sonraí an Údaráis. Ina measc sin, áirítear:

- pacáiste bogearraí a shuiteáil chun gach port a chosaint ó ionradh ó ghléasanna neamhaithnid
- cumasú ar ghléasanna údaraithe amháin chun ceangal le poirt laistigh den Údarás
- bogearraí cartlannaithe poist a shuiteáil lenar feabhsaíodh slándáil na sonraí agus an cumas sonraí a aisghabháil
- fóin chliste uilig an Údaráis a chur in oiriúint do líonra an Rialtais, rud a chuir slándáil de bhreis ar fáil do shonraí
- athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar phróiseas an Údaráis chun ráigeanna víris a láimhseáil.

Chuir an tÚdarás tús lena straitéis bainistíochta doiciméad fiontraíochta. Dá bhrí sin, bogadh roinnt próiseas ó chomhrannta comhad agus i dtreo SharePoint 2010. D'fhorbraíomar uirlis bainistíochta nua in SharePoint chun tacú le bainistíocht riosca agus pleanáil gnó chomhtháite ar fud fhoirne agus thionscadail uile an Údaráis.


I rith 2011, chuireamar réimse tionscadal eile i gcrích chun costais a laghdú agus chun éifeachtacht a fheabhsú. Ina measc sin, áirítear:

- idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le seirbhísí lárnacha TCF a fháil, rud a bhain coigilteas costais amach i réimsí na teileachumarsáide, an bhonneagair agus na priontála. Chríochnaíomar tairiscint chun trí phrintéir ard-sonraíochta a fháil, lena n-áirítear conradh seirbhíse chun roinnt sean-phrintéirí oifige a athsholáthar
- Treoirscéim d'uirlisí breise dár mbaill foirne a oibríonn ón mbaile: i measc na n-uirlisí ar éirigh leis na treoirscéimeanna ina leith, bhí uirlisí físchomhdhála agus gutha le beirt oibrithe a bhí bunaithe sa bhaile. Tá an réiteach ag brath ar sheirbhísí leathanbhanda iomchuí isteach sa teach, seirbhísí nach bhfuil ar fáil i ngach teach
- Infheistíocht shuntasach a dhéanamh i dtrasoiliúint inmheánach san fhoireann TCF, rud a laghdaigh roinnt rioscaí acmhainneachta.

## 4.5.6 Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an tÚdarás tiomanta cloí le hiomlán le ceanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus le Rialacháin an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007. Baintear amach an méid sin trí chloí le nósanna imeachta agus le beartais sláinte agus sábháilteachta agus trí oiliúint oiriúnach, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta a sholáthar nuair is gá.

Thuairiscigh foireann an Údaráis cúig mhionteagmhas nó neasteagmhas sna hoifigí nó allamuigh in 2011. Rinneadh athbhreithniú ar gach teagmhas, agus i gcásanna ina raibh sé iomchuí, rinneadh bearta chun an riosca go dtarlódh an teagmhas sin arís a laghdú. Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Údaráis le chéile go rialta i rith na bliana.



## 4.5.7 Saoráil Faisnéise

Leanann an tÚdarás ag comhlíonadh a oibleagáide maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise a fhreagairt. Cuireann na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise rochtain ar fáil ar fhaisnéis atá i seilbh an Údaráis, nach mbeadh ar fáil ar an ngnáthbhealach trí fhoinsí eile.

Freagraíodh gach iarratas go hiomchuí agus láimhseáil an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise agus na Cinnteoirí um Shaoráil Faisnéise iad de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Mhéadaigh an tÚdarás an líon Cinnteoirí um Shaoráil Faisnéise atá aige i rith na bliana trí oiliúint oiriúnach a sholáthar.

Fuair an tÚdarás 25 iarratas um Shaoráil Faisnéise san iomlán agus mar aon le ceann amháin eile a bhí tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe sin. I measc an 26 iarratas sin, ceadaíodh 13 iarratas, ceadaíodh ceithre cinn i bpáirt, diúltaíodh cúig cinn, tarraingíodh siar ceann amháin agus aistríodh trí cinn go gníomhaireacht rialtais eile.

I measc an 26 iarratas um shaoráil faisnéise a fuair an tÚdarás, rinneadh athbhreithniú inmheánach ar chinneadh amháin, agus dhearbhaigh an tÚdarás an cinneadh tosaigh. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás 11 chomhairleoireacht neamhfhoirmiúla le gníomhaireachtaí eile maidir le hiarratas um shaoráil faisnéise a fuarthas.




Bhí an tÚdarás páirteach i naoi gcomhairleoireacht neamhfhoirmiúla le gníomhaireachtaí eile maidir le hiarratas um shaoráil faisnéise a fuair siad a raibh tionchar acu ar obair an Údaráis.

## 4.5.8 Cosaint sonraí

Baineann cosaint sonraí le cosaint na gceart príobháideachta atá ag daoine aonair maidir leis an bpróiseáil a dhéanann an tÚdarás ar a bhfaisnéis phearsanta. Tá an tÚdarás cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí i gcomhréir leis Acht um Chosaint Sonraí 1988 agus leis an Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003.

I rith 2011, fuair an tÚdarás iarratas rochtana amháin faoi na hAchtanna. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an iarratas sin in Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí faoi láthair.

# 4.6 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Cuireann an Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara faisnéis chun dáta ar fáil do bhaill den phobal maidir leis an obair atá ar siúl ag an Údarás chun seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta ar ardchaighdeán atá níos fearr agus níos sábháilte a chur chun cinn. Déanann an tÚdarás an méid sin chomh maith le guth neamhspleách agus neamhchlaonta a chothú, tuarascálacha agus moltaí a fhoilsiú gan 'faitíos ná fabhar' agus luachanna lárnacha an Údaráis, cothrom na féinne, oscailteacht agus trédhearcacht a léiriú.

I rith 2011, lean an Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara ag obair leis na meáin agus le páirtithe leasmhara eile, chun a chinntiú go gcuireann an tÚdarás faisnéis ar fáil do bhaill den phobal maidir lenár gcuid oibre agus go bhfuil an fhaisnéis sin cruinn agus tuairiscithe go beacht.

## Cúlra

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as comhordú a dhéanamh ar chumarsáid uile an Údaráis, go hinmheánach agus go seachtrach. Is é an príomhfhócas atá againn ná a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid ón Údarás comhordaithe, comhsheasmhach, éifeachtach agus cairdiúil don phobal ionas gur féidir cuspóirí lárnacha an Údaráis a sheachadadh.

Tá iarracht déanta ag an Stiúrthóireacht feasacht shoiléir maidir le ról agus feidhm an Údaráis a mhéadú a thuilleadh i measc an phobail in 2011, trína chinntiú go mbainistítear cumarsáid le gach páirtí leasmhar go forghníomhach.

Oibríonn an Stiúrthóireacht na sé fheidhm lárnacha seo a leanas chun riachtanais cumarsáide an Údaráis a chomhlíonadh:

- caidreamh leis na meáin
- bainistíocht ar fhoilseacháin
- comhairliúchán agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara
- gnóthaí pobail agus parlaiminte
- cumarsáid ar líne (lena n-áirítear an láithreán Gréasáin)
- cumarsáid inmheánach

Freagraímid do riachtanais cumarsáide agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara na Stiúrthóireachtaí eile laistigh den Údarás. Cuirimid seirbhís cumarsáide chuimsitheach ar fáil chun tacú leis an iarracht feabhsuithe inbhuanaithe a chruthú agus a chothú maidir le caighdeán agus sábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta in Éirinn.

## 4.6.1 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn 2011

Mar thoradh ar an gcineál oibre a bhíonn ar siúl ag an Údarás, bíonn an Stiúrthóireacht ag brath go trom ar na meáin chun obair an Údaráis a chuir in iúl don phobal. Bíonn cur chuige freagrúil, oscailte, trédhearcach agus cruinn ó thaobh fíricí de againn le cumarsáidí uile an Údaráis nuair a bhímid ag dul i ngleic leis na meáin.

### Caidreamh leis na Meáin

In 2011, d'eisigh an Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara 32 preasráiteas agus preaseisiúint chuig na meáin chun dul chun cinn ar obair an Údaráis a chur in iúl. Leanamar leis an gcur chuige forghníomhach, oscailte agus trédhearcach trí thuarascálacha an Údaráis a fhoilsiú in am trátha, agus trí fhreagra a thabhairt ar gach fiosrúchán ó na meáin agus ó pháirtithe leasmhara. Bhí cruinnithe faisnéise rialta ar siúl againn leis na meáin chun go mbeadh eolas chun dáta ag na meáin maidir lenár gcuid oibre, agus bhí feachtais cumarsáide meáin ar siúl againn, lenar cuimsíodh cruinnithe le hiriseoirí, preasócáidí agus agallaimh.

Cuirtear obair an Údaráis chun cinn inár ngníomhaíochtaí go léir leis na meáin trí chur síos a thabhairt don phobal ar an obair a dhéanaimid agus trí athrá a dhéanamh ar ról agus ar shainchúram an Údaráis. Tá sé d'aidhm ag caidreamh an Údaráis leis na meáin tuairisceoireacht chothrom agus chóir a fháil ó na meáin ina gcuirtear chun cinn ár dteachtaireachtaí lárnacha maidir le ról, sainchúram agus feidhmeanna an Údaráis agus luach ar an airgead.

D'fhreagair an tÚdarás líon ard fiosrúchán ó na meáin agus ón bpobal i rith 2011, mar thoradh ar an tsuim níos leithne a bhí ag an bpobal agus ag na meáin i ról rialála agus i bhfeidhmeanna eile an Údaráis agus sna himpleachtaí atá ag ár ról maidir le le seachadadh seirbhíse.

### Foilsiú agus Bainistíocht ar Fhoilseacháin

Foilsímid ár dtuarascálacha agus ár bhfoilseacháin uile ar ár láithreán Gréasáin i dtráth cuí, ionas go mbeidh siad ar fáil do bhaill den phobail le híoslódáil saor in aisce. Tá gach foilseachán deartha ionas go mbeidh siad oiriúnach don láithreán Gréasáin, ós rud é gurb é sin an príomhbhealach dáileacháin chun an úsáid is fearr a bhaint as cistí na hearnála poiblí.




*Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis 2010*

## Comhairliúchán agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

Is é ceann de phríomhchuspóirí an Údaráis tabhairt faoi chomhairliúchán cuimsitheach leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir chun a chinntiú go bhfreagraímid i gcónaí do riachtanais na ndaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta agus na ndaoine a sholáthraíonn na seirbhísí sin. Cuireann an Stiúrthóireacht tacaíocht agus comhairle straitéiseach ar fáil sa réimse sin.

In 2011, chabhraíomar le comhordú ceithre chomhairliúchán phoiblí lena n-áirítear: *Caighdeáin Náisiúnta maidir le hIdir-inoibritheacht ríomh-Shláinte in Éirinn a fhorbairt: Doiciméad Comhairliúcháin; Dréachtchaighdeáin le haghaidh Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta; Critéir Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta le haghaidh Treoirlínte Cliniciúla* agus *Treoirlínte chun Measúnacht a dhéanamh ar Éifeachtúlacht Chliniciúil na dTeicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn.*




*D'oibrigh an tÚdarás i gcomhar le grúpa oibre, ina raibh naoi ngníomhaireacht eile páirteach, chun cabhrú le forbairt na sraithe straitéisí Healthcomplaints do dhaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta in Éirinn. Is tionscnamh seirbhíse pobail atá sa tsraith straitéisí, ina bhfuil leabhrán, bileog eolais, póstaeir agus láithreán Gréasáin, www.healthcomplaints.ie, chun cabhrú le baill den phobal a thuiscint conas gearán a dhéanamh faoi sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta in Éirinn agus an áit ar chóir gearán a sheoladh.*




*Sa phictiúr a tógadh ag seoladh thionscnamh Health Complaints, tá an tUasal Cathal Magee, POF, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an tUasal Jane Grimson, Leas POF agus Stiúrthóir Faisnéis Sláinte, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte; Loretta Evans, máthair Colin Evans, nach maireann; an tAire Roisin Shortall, an tAire Stáit sa Roinn Sláinte atá freagrach as Cúram Príomhúil agus Emily O'Reilly, Ombudsman.*

## Gnóthaí Pobail agus Parlaiminte


Trína fheidhm gnóthaí pobail agus parlaiminte, cinntíonn an tÚdarás go bhfuil sé cuntasach don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais agus go gcuirtear faisnéis chruinn agus chun dáta ar fáil in am trátha.

In 2011, d'fhreagair an tÚdarás 41 ceist pharlaiminteach san iomlán, lena n-áirítear iarratais fhoirmiúla ar fhaisnéis. Ina theannta sin, chabhraigh an Stiúrthóireacht chun nótaí a réiteach don chur i láthair do Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte a bheidh ar siúl go luath in 2012.

Chuireamar cabhair ar fáil freisin maidir le haighneacht an Údaráis chuig an gCoiste um Cheartas, Cosaint agus Comhionannas maidir leis an mBille um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar), 2012.

## Cumarsáid ar líne (lena n-áirítear an láithreán Gréasáin)

I rith 2011, sheol an tÚdarás a láithreán Gréasáin nua www.hiqa.ie. Tá leagan amach agus dearadh atá furasta le húsáid, simplí agus glan ar an láithreán Gréasáin, tá na naisc furasta le leanúint, tá sé furasta le léamh agus tá feidhmiúlacht agus idirghníomhú breisithe ann. Chloígh inneachar an láithreáin Gréasáin leis an bprionsabal Béarla soiléir a úsáid chun inrochtaineacht níos fearr a áirithiú.  Dearadh an láithreán Gréasáin i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le hinrochtaineacht inneachair Gréasáin ó Thionscnamh Inrochtaineachta Gréasáin (WAI) Fheadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (W3C).




*Sheol an tÚdarás a láithreán Gréasáin nua atá furasta le húsáid, www.hiqa.ie, in 2011.*

Thugamar isteach fothaí RSS (Sindeacáitiú An-Simplí) ó láithreán Gréasáin an Údaráis. Is formáid é sin chun inneachar Gréasáin a athraíonn go rialta a sheachadadh, chun cur ar chumas páirtithe leasmhara a bheith ar an eolas go furasta tríd an inneachar is déanaí faoi shaothar an Údaráis a aisghabháil.

I dtreo dheireadh 2011, thosaíomar ag obair ar sheirbhís gearrtheachtaireachtaí (SMS) chun tuairiscí chun dáta in aisce i dtéacsteachtaireachtaí a chur ar fáil don phobal maidir leis an obair atá ar siúl ag an Údarás.  Beidh an tseirbhís seo ar fáil go luath in 2012.

Mar gheall ar an méadú a tháinig ar an éileamh atá ar na meáin shóisialta in 2011, lean an tÚdarás ag forbairt agus ag daingniú a láithreachta ar líne ar a chuntais meáin shóisialta, lena n-áirítear Twitter, LinkedIn agus Facebook, chun dul i ngleic le baill den phobal maidir le hobair an Údaráis.

Linked in®   facebook

Tá sé d'aidhm againn na cainéil ar líne sin a fhás chun go mbeadh teacht againn ar dhaoine sa bhreis, idirghníomhú le páirtithe leasmhara agus ionchur a lorg uathu agus pobal a chruthú timpeall ar chúram sláinte níos fearr ar ardchaighdeán agus atá níos sábháilte in 2012. Tá sé i gceist ag an Údarás in 2012 féachaint ar bhealaí eile chun cumarsáid ar líne a dhéanamh le baill den phobail, mar shampla podchraoltaí agus blaganna.

## Cumarsáid Inmheánach

Lean an Stiúrthóireacht dá phlean cumarsáide inmheánaí a chur i bhfeidhm don Údarás i rith 2011. Tháirgeamar ríomhiris mhíosúil, ***Inside Track***, an iris ar líne d'fhoireann an Údaráis. D'éascaigh an Stiúrthóireacht Club Irise ráithiúil, ina spreagtar comhroinnt saineolais agus eolais tras-stiúrthóireachta agus agus ina mbaintear úsáid as an eolas sin, agus ina gcuirtear deis ar fáil don fhoireann athbhreithniú agus luacháil a dhéanamh ar ailt faoi chúram sláinte agus sóisialta maidir le ceachtanna lárnacha a bhaineann leis an Údarás.

Chruthaíomar Coimre Chorparáideach, modh cumarsáide nua ar a dtugtar *The Cascade*. Eisítear go míosúil é agus bíonn an fhaisnéis chorparáideach agus fheidhmíochta ábhartha go léir a theastaíonn ón bhfoireann oibre le fáil ann.  Rinne an Stiúrthóireacht éascú ar chur i láthair a thabhairt dá foireann oibre maidir lena athbhreithniú eagraíochtúil lena n-áirítear clár fógraí don fhoireann oibre.

# 4.7 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

## Cúlra

Soláthraíonn Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh forbhreathnú, treo agus tacaíocht ionas gur féidir leis an Údarás a chuspóirí a sheachadadh laistigh de chreat rialachais. Áirítear leis sin tacaíocht éifeachtach a sholáthar don Bhord agus do Choistí an Bhoird, agus a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás a riachtanais reachtúla.

## 4.7.1 Gníomhaíocht an Bhoird agus Choistí an Bhoird

I measc na bpríomhréimsí oibre i rith 2011, cuireadh tacaíocht ar fáil don Bhord agus dá choistí, lena n-áirítear maoirsiú a dhéanamh ar an bpróiseas athnuachana don Bhord.

Gach bliain, déanann an Bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht agus cuirtear moltaí i bhfeidhm mar thoradh ar an athbhreithniú chun tabhairt faoi aon réimsí óna dteastaíonn feabhsúchán nó forbairt. Déanann coistí athbhreithniú bliantúil ar a bhfeidhmíocht, chomh maith lena dtéarmaí tagartha agus a mballraíocht chun a chinntiú go bhfuil siad ag freastal ar riachtanais rialála an Údaráis freisin.

I rith 2011, bhí na cruinnithe seo a leanas ar siúl:

- Tháinig Bord an Údaráis le chéile 10 n-uaire
- Tháinig an Coiste Rialachais um Chúram Sláinte agus Sóisialta le chéile cúig huaire
- Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Rialachas Corparáideach le chéile ceithre huaire
- Tháinig an Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta le chéile trí huaire
- Tháinig an Coiste um Luach Saothair agus Ainmniúcháin le chéile faoi dhó.

## 4.7.2 Cód Rialachais

Mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil an Údaráis, tá gá le tuarascáil maidir le socruithe an Údaráis chun an Cód Rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis. Tá Bord an Údaráis freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Údaráis agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus bainistíocht riosca.[11]

Mar chuid den tuarascáil seo, cuimsítear ráiteas maidir le héifeachtacht chórais rialála inmheánaí an chomhlachta. Díorthaítear na dearbhuithe sin ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- obair iniúchóireachta inmheánaí
- iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí Feidhmiúcháin ag tuairisciú don Bhord
- struchtúr Choistí an Bhoird
- bainistíocht riosca
- idirphlé leanúnach leis an lucht Bainistíochta Feidhmiúcháin, agus dúshlán a chur os a gcomhair.

[11] *I gcomhréir leis an gCód um Rialachas Comhlachtaí Stáit, Alt 10.1 (An Roinn Airgeadais)*

Tá próiseas foirmiúil dearbhaithe mar bhonn taca leis an ráiteas seo, ina ndéanann na Coistí athbhreithniú, thar ceann Bhoird an Údaráis, agus de réir Alt 10.1, ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, ar éifeachtúlacht chóras rialála inmheánaí an Údaráis.

Ag na coistí, dearbhaíonn an Fhoireann Feidhmiúcháin Bainistíochta go bhfuil feidhmeanna an Údaráis á gcur i bhfeidhm de réir an Achta Sláinte, 2007, agus de réir na treoracha agus na reachtaíochta iomchuí don earnáil phoiblí.

## Is iad iad seo a leanas na ceithre choiste:

| Coistí | |
|---|---|
| Iniúchadh agus Corparáid<br>An Coiste Rialachais | tuarascáil maidir le comhlíonadh / neamhchomhlíonadh oibleagáidí reachtúla na hearnála poiblí, ráiteas faoi rialú airgeadais inmheánach agus soláthar, agus ráiteas faoi bhainistíocht riosca |
| An Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta | ráiteas faoi na rialuithe oibriúcháin (beartais agus nósanna imeachta) chun na gníomhaíochtaí faisnéis sláinte agus teicneolaíocht sláinte a chur chun feidhme agus dearbhú go bhfuiltear ag tabhairt faoi na feidhmeanna laistigh de raon na reachtaíochta |
| An Coiste Rialachais um Chúram Sláinte agus Sóisialta | ráiteas faoi na rialuithe oibriúcháin (beartais agus nósanna imeachta) chun na gníomhaíochtaí cáilíocht sláinte agus Cigireacht Seirbhísí Sóisialta a chur chun feidhme agus dearbhú go bhfuiltear ag tabhairt faoi na feidhmeanna laistigh de raon na reachtaíochta |
| An Coiste um Luach Saothair agus Ainmniúcháin | tuarascáil ar na hathbhreithnithe feidhmíochta ar an bhfoireann bainistíochta feidhmiúcháin |

Tar éis an athbhreithnithe ó na Coistí, cuirtear tuarascáil thiomsaithe os comhair an Bhoird gach bliain, sula síníonn an Bord an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais agus na ráitis bhliantúla a éilítear ón mBord. Tá an Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas agus um Chomhlíonadh iomlán le fáil in Aguisín 3.

I dteannta leis an gcur chuige sin, tá rialuithe airgeadais faoi réir ag iniúchadh inmheánach bliantúil agus cuirtear os comhair an Bhoird iad.  Bíonn bainistíocht riosca ar an gclár go rialta ag cruinnithe Stiúrthóireachta, Feidhmiúcháin, Boird agus Coiste.

Maidir leis na ráitis dearbhaithe chaighdeánacha, ní dócha gur féidir dearbhú absalóideach a chur ar fáil i ndáiríre ós rud é gur féidir rudaí a fheabhsú i gcónaí. Léirítear réimsí, áfach, ina bhfuil gá le feabhas agus forbairt, agus réitíonn an Fhoireann Feidhmiúcháin Bainistíochta iad i rith na bliana dar gcionn.

## 4.7.3 Cód Iompair Gnó

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena áirithiú go ndéanann an tÚdarás an méid seo a leanas:

- cloí leis an reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí
- ócáidí ina bhféadfadh coimhlint leasa a bheith i gceist a bhainistiú
- a áirithiú go dtuigeann comhaltaí an Bhoird a bhfreagrachtaí agus go ndearbhaíonn siad an tuiscint sin i scríbhinn.

## 4.7.4 Feidhm dlí

Tá feidhm dlí inmheánach bunaithe ag an Údarás ina bhfuil aturnae cáilithe amháin fostaithe. Tá an fheidhm dlí inmheánach tar éis rochtain a chur ar fáil ar chomhairle dlí atá níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ó thaobh costais de, agus tá laghdú tagtha ar éileamh ar chomhairle dlí sheachtrach dá bharr.

Tá an fheidhm dlí inmheánach tar éis a bheith lárnach san athbhreithniú ar phróisis lárnacha laistigh den Údarás agus i mbainistiú na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe don Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialacha, lena n-áirítear iarratais chuig an gCúirt Dúiche ar orduithe eatramhacha práinneacha ex-parte chun clárú ionad ainmnithe a chealú.

## 4.7.5 Monatóireacht ar Fheidhmíocht agus Bainistíocht Riosca

Tá an tÚdarás tar éis uirlis bainistíochta nua a thabhairt isteach chun dul chun cinn an Údaráis a rianú i gcoinne a chuspóirí straitéiseacha agus gnó agus na rioscaí a bhaineann leo. Cinntíonn sé sin go gcoinneoidh an tÚdarás fócas ar a chuspóirí agus go ndéanfaidh sé monatóireacht ar stádas na gcuspóirí sin i rith na bliana.



# 5. Faisnéis Airgeadais



5

# 5.1 Ráitis Airgeadais

Ní hionann an fhaisnéis airgeadais achoimrithe atá leagtha síos sa tuarascáil seo agus cuntais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2011 mar a éilítear in Alt 35 (4) den Acht Sláinte 2007.

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Achoimrithe an Údaráis don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011:

| Ioncam | €'000 |
| --- | --- |
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 8,800 |
| Táillí Bliantúla agus Táillí Clárúcháin | 5,000 |
| Ioncam Eile | 523 |
| Ioncam Iomlán | 14,323 |
| **Caiteachas** | |
| Imscrúduithe agus Táillí Gairmiúla | 720 |
| Costais foirne | 11,092 |
| Taisteal agus cothú | 518 |
| Cumarsáid agus scaipeadh | 44 |
| Tacaíocht agus Bunú | 2,461 |
| Caiteachas Iomlán | 14,835 |
| Farasbarr Caiteachais ar Ioncam | (512) |
| Cúlchistí Tosaigh | 783 |
| Cúlchistí Deiridh | 271 |

Díorthaítear an fhaisnéis anseo ó dhréacht-chuntais toisc nach raibh iniúchadh déanta ar na cuntais sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tráth ar foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo, agus dá bhrí sin nach féidir leis an Údarás iad a chur i gcrích.

## Cuntas Caipitil Achoimrithe an Údaráis don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011:

| Ioncam | €'000 |
|---|---|
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 154 |
| **Caiteachas** | |
| Caiteachas Caipitil | 154 |
| Barrachas / (Easnamh) don Tréimhse | – |
| Cúlchistí Tosaigh | – |
| Aistriú ó Cúlchistí Ioncaim | – |
| Cúlchistí Deiridh | – |

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, ba cheart féachaint ar na cuntais iomlána don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2011, agus ar theastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Féadfar cóipeanna de na cuntais a fháil ó láithreán Gréasáin an Údaráis, www.hiqa.ie, chomh luath is a bheidh siad ar fáil.

# 6. Aguisíní



6

# Aguisín 1: Gníomhaíocht an Bhoird agus Freastal

De réir an Achta Sláinte 2007, tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe a bhfuil gá leo chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach tiocfaidh sé le chéile uair amháin gach dara mí ar a laghad. Tá na sé chruinniú sceidealta in éineacht le freastal gach comhalta den Bhord sa liosta thíos.

## Freastal ar na sé chruinniú rialta de chuid an Bhoird a cheanglaítear faoin reachtaíocht in 2011.

| Dátaí Rialta an Bhoird 2011 | 26 Eanáir | 23 Márta | 25 | 6 Iúil | 21 Meán Fómhair | 22/23 | Freastal ar chruinnithe rialta an Bhoird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Pat McGrath | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 6 as 6 |
| Bryan Barry | I LÁTH. | I LÁTH. | AS LÁTH. | AS LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 4 as 6 |
| Angela Kerins | I LÁTH. | I LÁTH. | AS LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | AS LÁTH. | 4 as 6 |
| Geraldine McCarthy | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 6 as 6 |
| Sheila O'Connor | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 6 as 6 |
| Dolores Quinn | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 6 as 6 |
| Grainne Tuke | AS LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | AS LÁTH. | 4 as 6 |
| Philip Caffrey | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 6 as 6 |
| Richard Hannaford | I LÁTH. | I LÁTH. | AS | AS LÁTH.** | AS LÁTH.** | AS | 2 as 6 |
| Sam McConkey | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 6 as 6 |
| Damien McLoughlin | I LÁTH. | I LÁTH. | AS LÁTH. | I LÁTH. | AS LÁTH. | AS LÁTH. | 3 as 6 |
| Cillian Twomey | I LÁTH. | AS LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 5 as 6 |
| **Freastal iomlán** | **11** | **11** | **8** | **10** | **10** | **8** | |


* *Cruinniú Boird amháin atá i gceist le cruinniú 22 agus 23 Samhain*
** *Breoiteacht throm*
*** *Fuair Richard Hannaford bás i nDeireadh Fómhair 2011*

Anuas ar líon na gcruinnithe Boird a cheanglaítear faoin reachtaíocht mar atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007, thionóil Bord an Údaráis ceithre chruinniú bhreise chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le feidhmeanna an Údaráis.

### Freastal ar na sé chruinniú neamhghnácha de chuid an Bhoird in 2011

| Dátaí Rialta an Bhoird 2011 | 14 Feabhra | 15 Márta | 13 | 24 | Freastal ar Chruinnithe Boird Breise |
|---|---|---|---|---|---|
| Pat McGrath | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 4 as 4 |
| Bryan Barry | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 4 as 4 |
| Angela Kerins | AS LÁTH. | AS LÁTH. | I LÁTH. | AS LÁTH. | 1 as 4 |
| Geraldine McCarthy | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 4 as 4 |
| Sheila O'Connor | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 4 as 4 |
| Dolores Quinn | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | AS LÁTH. | 3 as 4 |
| Grainne Tuke | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | AS LÁTH. | 3 as 4 |
| Philip Caffrey | I LÁTH. | AS LÁTH. | I LÁTH. | AS LÁTH. | 2 as 4 |
| Richard Hannaford | I LÁTH. | AS LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 3 as 4 |
| Sam McConkey | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | I LÁTH. | 4 as 4 |
| Damien McLoughlin | I LÁTH. | AS LÁTH. | AS LÁTH. | AS LÁTH. | 1 as 4 |
| Cillian Twomey | I LÁTH. | AS LÁTH. | AS LÁTH. | I LÁTH. | 2 as 4 |
| **Freastal iomlán** | **11** | **7** | **10** | **7** | |

# Aguisín 2: An Struchtúr Eagraíochtúil



# Aguisín 3: An Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas agus um Chomhlíonadh don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

## 1. Réamhrá

Tá Bord an Údaráis freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Údaráis agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus bainistíocht riosca.[12]

San Acht Sláinte 2007, sonraítear gur chóir a áireamh i gCód Rialachais an Údaráis cur síos ar 'rialuithe inmheánacha an Údaráis, lena n-áirítear a nósanna imeachta maidir le hiniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca, soláthar poiblí agus tuairisciú airgeadais' agus 'go gcuirfidh an tÚdarás in iúl ina thuarascáil bhliantúil na socruithe atá aige chun an cód rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis'.

## 2. Rialachas agus Comhlíonadh

Chun aghaidh a thabhairt ar na freagrachtaí maidir leis sin, tá cur chuige curtha ar bun ag Bord an Údaráis trína soláthraíonn gach Stiúrthóir/Ceannasaí san Údarás ráiteas urrúis bliantúil do Choistí an Bhoird maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha sa réimse as a bhfuil siad freagrach.

Tar éis do Choistí an Bhoird an t-athbhreithniú sin a dhéanamh, tugtar tuairisc do Bhord an Údaráis ina leagtar amach na ráitis urrúis ar leith. Cuimsítear príomhfheidhmeanna an Údaráis sna ráitis sin, lena n-áirítear: faisnéis sláinte, measúnú ar theicneolaíocht sláinte, cáilíocht agus sábháilteacht cúram sláinte agus an chigireacht seirbhísí sóisialacha.

Cuireadh san áireamh san athbhreithniú na próisis agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar feidhmeanna an Údaráis a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach laistigh de na paraiméadair reachtúla atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007. An bhliain seo chugainn, tabharfar aird ar na réimsí a rabhthas den tuairim go bhféadfaí iad a fheabhsú.

Tá sraith láidir beartas corparáideach bunaithe ag an Údarás freisin, sa réimse airgeadais, acmhainní daonna agus bainistíocht faisnéise chun a chinntiú go gcuirtear na gníomhaíochtaí seo chun feidhme le córas éifeachtach rialuithe inmheánacha.

[12] *An Roinn Airgeadais. An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, alt 10.1*

## 2.1 Earcaíocht

Féachann an tÚdarás le bail foirne a earcú agus aird á tabhairt aige ar cheanglais an Achta Sláinte, 2007 agus ar a cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Úsáideadh próisis inar comhlíonadh na forálacha sin chun aon earcaíocht shubstainteach a chur i gcrích.

Tá baol ann go mbeidh neamhchomhlíonadh i gceist maidir le líon beag de bhaill foirne riaracháin, a fostaíodh san Údarás trí ghníomhaireachtaí fostaíochta. Mar gheall ar fhad na seilbhe oifige, tá baol ann nár chomhlíon an tÚdarás roinnt de na ceanglais sa réimse seo.

## 2.2 An tAcht um Míchumas 2005

Comhlíonann an tÚdarás na hoibleagáidí a bhaineann le fostaithe san earnáil phoiblí go hiomlán mar atá siad leagtha amach san Acht um Míchumas 2005 chun an sprioc fostaíochta 3% a chomhlíonadh agus tuairiscíonn an tÚdarás ar bhonn bliantúil maidir le líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe san eagraíocht agus na bearta atá á nglacadh chun daoine faoi mhíchumas a fhostú.

## 2.3. Reachtaíocht maidir le Comhionannas

Tá roinnt beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun comhlíonadh na bhforálacha a bhaineann le raon reachtaíochta maidir le comhionannais a éascú.  Ba chóir go mbeifí in ann idirdhealú éagórach ó thaobh na fostaíochta a chosc, trí bhíthin na nósanna imeachta earcaíochta atá i bhfeidhm lena n-áirithítear go gcomhlíontar Cóid Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Tacaítear leis an méid sin trí shraith de bheartais acmhainní daonna chun a chinntiú go dtugtar an bhail chéanna ar bhaill foirne agus go dtugtar cothrom na féinne dóibh. Ó thaobh soláthar seirbhísí de, tá Cód Cleachtais agus beartais agus nósanna imeachta ag an Údarás dá fhoireann lena gcinntítear nach ndéantar aon idirdhealú neamhdhleathach.

## 2.4. Saoráil Faisnéise

Tá beartas agus nós imeachta dea-fhorbartha ag an Údarás maidir le déileáil le hiarratais ar fhaisnéis faoin reachtaíocht maidir le Saoráil Faisnéise.  Tá an Príomhfheidhmeannach tar éis freagrachtaí a tharmligean don Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, duine ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as an reachtaíocht um shaoráil faisnéise laistigh den Údarás agus as feidhm na cinnteoireachta i leith roinnt bainisteoirí sinsearacha. Cinntíonn an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise go gcomhlíonann an tÚdarás forálacha na reachtaíochta.

## 2.5 Sláinte agus Sábháilteacht

Is mór ag an Údarás an cheist seo. Tá an tÚdarás tar éis Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta a cheapadh agus Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a ghlacadh. Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteachta curtha ar bun agus tagann sé le chéile go rialta. Déanann an Coiste maoirsiú ar chur chun feidhme an bheartais sláinte agus sábháilteachta laistigh den Údarás.

## 2.6 Cosaint sonraí

Tá an tÚdarás tiomanta do bheartas ina ndéantar cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí.

Tá an tÚdarás cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí i gcomhréir leis na hAchtanna.
Tá Oifigeach um Chosaint Sonraí ceaptha ag an Údarás, agus is é an príomhdhualgas atá ar an té sin ná cabhrú leis an Údarás agus lena bhaill foirne chun an reachtaíocht um chosaint sonraí a chomhlíonadh.

## 2.7 Soláthar Poiblí

Tá freagrachtaí troma i leith soláthar poiblí ar an Údarás. Tá próisis i bhfeidhm san eagraíocht chun a chinntiú go gcomhlíontar na forálacha lena mbaineann. Ós rud é go gcaithfear forálacha atá an-chasta agus an-trom a chomhlíonadh áfach, bíonn baol bunúsach ann nach gcomhlíonfaí iad. Is measa an baol sin toisc go bhfuil soláthar díláraithe san Údarás.

Ba mhinic a bhain an tÚdarás leas as Treoirlínte Quigley in 2011. Is é a bhí i gceist leis sin ná gur bronnadh conarthaí a bhí faoi thairseach an AE gan dul i mbun próiseas iomaíoch i gcásanna ina raibh cúiseanna práinne nó cúiseanna eile ann. I gcásanna eile, go háirithe sna seirbhísí dlí, chruthófaí dúshláin shuntasacha ó thaobh cúrsaí oibríochtúla dá gcomhlíonfaí na forálacha ina n-iomláine.

## 2.8. Cuntais a Íoc go Pras

Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán dá sholáthraithe a íoc go pras. Is deimhin leis go ndéantar íocaíocht faoin dáta íocaíochta atá leagtha amach i bhformhór mór na gcásanna, mar atá leagtha amach sa Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas. Ní féidir dearbhú a chur ar fáil maidir leis seo áfach faoin gcóras bunúsach airgeadais atá i bhfeidhm ag an Údarás, toisc go gcaithfí gach aon sonrasc a sheiceáil de láimh. Ar an gcaoi chéanna, faoin gcóras reatha ní féidir a ríomh cibé an ndlitear nó nach ndlitear ús don soláthraí de réir na reachtaíochta ná cá mhéad ús a dhlitear dóibh. Mar geall ar na cúinsí sin, is dóichí nach gcomhlíonfar na forálacha go feadh méid áirithe.

# 2.9. Eitic in Oifigí Poiblí

Tá próiseas i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanann comhaltaí an Bhoird agus na baill foirne ábhartha na dearbhuithe cuí gach bliain i gcomhréir leis an oibleagáid reachtúil seo. Tá sé sin curtha i gcrích don bhliain 2011.

# 2.10 Rialachas

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar a Lámhleabhar um Chód Rialachais agus ar a Chód um Iompar Gnó i gcomhréir leis na Treoirlínte atá sa Chód Rialachais le haghaidh Comhlachtaí Stáit. Tá sé sin ceadaithe ag an Aire.

Chuir an tÚdarás seicliosta bliantúil um Chód Rialachas i gcrích le déanaí agus chuir sé faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí é. Tá an seicliosta sin á chomhlíonadh ag an Údarás.

# 2.11 Bainistíocht riosca

Tá an tÚdarás ag comhlíonadh na dtreoirlínte maidir le bainistíocht riosca atá sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Rinneadh athbhreithniú ar an gcreatlach um bainistíocht riosca ag deireadh 2010/tús 2011 agus feabhsaíodh beartas agus próiseas bainistíocht riosca an Údaráis mar thoradh air sin. Cuirtear rioscaí os comhair an Bhoird agus na gCoistí go tráthrialta.

# 2.12 Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Údarás lena ndéantar athbhreithniú ar réimsí lárnacha amhail rialuithe airgeadais, próisis soláthair, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta oibriúcháin eile laistigh den Údarás. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Rialachas Corparáideach maoirsiú ar an bhfeidhm seo.

# 2.13 Bainistíocht Chorparáideach agus Tuairisciú

Comhlíonann an tÚdarás na frámaí ama reachtúla chun pleananna Corparáideacha agus Gnó a fhorbairt agus tá próiseas ann chun forbairt na ndoiciméad sin a stiúradh. Tá creat feidhmíochta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáideach agus chun tuairisciú rialta a dhéanamh ag tagairt do na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean gnó.

## 2.14 Acht na dTeangacha Oifigiúla

Cé nach bhfuil an tÚdarás liostaithe ar an sceideal foirmiúil maidir le cur chun feidhme iomlán gach gné d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, déanann sé gach iarracht ceanglais reatha an Achta a chomhlíonadh nuair is féidir.

Foilsíonn an tÚdarás a Thuarascáil Bhliantúil i nGaeilge agus i mBéarla. Tá comharthaíocht agus brandáil uile an Údaráis ar fáil sa dá theanga. Is i nGaeilge freisin atá ceann litreach an Údaráis agus tá séanadh dátheangach i ngach r-phost a sheolann an tÚdarás. Tugann an tÚdarás freagra as Gaeilge ar aon cheisteanna a fhaigheann sé as Gaeilge, lena n-áirítear tríd an láithreán Gréasáin, agus tá cainteoir Gaeilge san fhoireann a chabhróidh le haon cheisteanna as Gaeilge.

## 2.15 An tAcht um Míchumas 2005

Comhlíonann an tÚdarás na ceanglais reachtúla maidir le fostaithe san earnáil phoiblí atá leagtha síos san Acht um Míchumas 2005 chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go gcuirtear faisnéis ar fáil i bhformáid inrochtana.

Gach faisnéis atá ar fáil don phobal, tá sí ar fáil i bhformáid inrochtana, mar shampla HTML inrochtana, cló mór, formáid Béarla shimplí, Braille, comhad fuaime agus i bhformáidí eile, má iarrtar sin. Má iarrtar sin roimh ré, cuirtear ateangairí teanga chomharthaíochta ar fáil d'imeachtaí poiblí.

Dearadh láithreán Gréasáin an Údaráis i gcomhréir leis an Tionscnamh Inrochtaineachta Gréasáin agus le dea-chleachtas idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, féachann an tÚdarás leis an oiread cúnaimh agus is féidir a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag iarraidh teacht ar a sheirbhísí.

## 2.16 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

### ■ Caidrimh leis na meáin/leis an bpreas

Tá an tÚdarás tiomanta do chinntiú go bhfuil a chuid cumarsáide ag teacht leis na prionsabail, ar cuireadh iad i bhfeidhm in 'Rialáil níos Fearr' [13], maidir le dea-rialú i gcás na gcomhlachtaí neamhspleácha rialála, lena n-áirítear cuntasacht, comhsheasmhacht agus trédhearcacht. Cinntíonn an tÚdarás freisin go bhfuil gach cumarsáid oscailte, macánta, inrochtana agus sothuigthe agus go bhfuil guth neamhspleách aige maidir le gach lucht éisteachta.

[13] *Láithreán Gréasáin 'Rialáil níos Fearr' de chuid Roinn an Taoisigh: http://www.betterregulation.ie/upload/Regulating_Better_html/foreword.html*

## ■ Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Tagann gníomhaíochtaí an Údaráis i ndáil le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara le dea-chleachtas mar a thacaítear leis sa *Framework for Public and Service User Involvement in Health and Social Care Regulation in Ireland*[14] de chuid an Fhóraim Rialála maidir le Cúram Sláinte agus Sóisialta. Áirítear air sin próisis chun anailís riosca a dhéanamh ar cé hiad na páirtithe leasmhara agus nósanna imeachta inmheánacha maidir le bainistiú aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara i gcomhréir le hoibleagáidí na seirbhíse poiblí faoi Chosaint Sonraí agus faoi Shaoráil Faisnéise.

## ■ Gnóthaí Poiblí

Tá socruithe ar bhonn foirmiúil i bhfeidhm ag an Údarás maidir le bainistiú leanúnach gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha (lena n-áirítear ceisteanna parlaiminteacha). Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh an phrótacail ar bhonn leanúnach.

## ■ Cumarsáid Inmheánach

Tá an tÚdarás tiomanta do lucht oibre eolasach, rannpháirteach agus gníomhach a chinntiú trí dhea-chumarsáid éifeachtach laistigh den Údarás. Tá Plean um Chumarsáid Inmheánach i bhfeidhm aige chun dlúthchaidreamh agus bealaí cumarsáide dhá threo a choinneáil ar bun leis na baill foirne ar fad, lena n-áirítear daoine a oibríonn ón mbaile.



[14] *Tá an creatdoiciméad le fáil ag: http://www.hiqa.ie/media/pdfs/Framework_Public_Service_User_Involvement.pdf*

Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte








**Príomhoifig**

Aonad 1301 City Gate
Machain,
Corcaigh

Teil: +353 21 240 9300
R-phost: info@hiqa.ie
URL: www.hiqa.ie

**Oifigeach Réigiúnach Bhaile Átha Cliath**

Cúirt Sheoirse, Lána Sheoirse, Baile Átha Cliath 7

Teil: +353 1 814 7400
R-phost: info@hiqa.ie
URL: www.hiqa.ie


**© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2012**